


# An Oifig Achomhairc Talmhaíochta Tuarascáil Bhliantúil 2008



**Don Aire Talmháiochta, Iascaigh agus Bia,  
Brendan Smith Uasal, T.D.**

Cuirim tuarascáil maidir le gníomhartha na hOifige Achomhairc Talmháiochta i rith na bliana 2008 faoi do bhráid de réir fhorálacha Alt 14(1) an Achta Achomhairc Talmháiochta, 2001.

**John Murphy**

Stiúrthóir (Gníomhach) na hOifige Achomhairc Talmháiochta

Tá an Tuarascáil seo ar fáil i mBéarla freisin ach é a iarraidh.

**Sonraí Teagmhála**

**An Oifig Achomhairc Talmháiochta**

Cúirt Kilminchy

Port Laoise

Co Laoise

Teileafón 057-8667167 nó LoCall 1890-671671

Faics 057-8667177

Ríomhphost: [appeals.office@agriculture.gov.ie](mailto:appeals.office@agriculture.gov.ie)

Suíomh Idirlín: <http://www.agriappeals.gov.ie/>

## **Clár an Ábhair**

1. Réamhrá le Stiúirthóir na hOifige Achomhairc Talmhaíochta
2. An Oifig Achomhairc Talmhaíochta, 2008
3. An Nós Imeachta maidir le hAchomhairc agus Éisteachtaí ó Bhéal
4. Staitisticí
5. An Coiste Achomhairc maidir le Scéim na hAoníocaíochta
6. Cásanna Achomhairc Áirithe
7. Moltaí don Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia
8. Earráidí minice a dhéanann iarratasóirí ar scéimeanna a mbíonn piónós orthu dá mbarr
9. Cairt Eagrúcháin

## **Aguisíní**

- a. An tAcht um Achomhairc Talmhaíochta 2001
- b. Talmhaíocht I.R. Uimh. 193 of 2002, na Rialacháin um Achomhairc Talmhaíochta 2002
- c. I.R. Uimh. 558 den bhliain 2002, na Rialacháin fán Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001 (Leasú ar an Sceideal) 2002
- d. I.R. Uimh. 507 den bhliain 2004, na Rialacháin fán Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001 (Leasú ar an Sceideal) 2004
- e. I.R. Uimh. 65 den bhliain 2006, na Rialacháin fán Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001 (Leasú ar an Sceideal) 2006
- f. I.R. Uimh. 584 den bhliain 2006, na Rialacháin fán Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001 (Leasú ar an Sceideal) (Uimh. 2) 2006
- g. I.R. Uimh. 169 den bhliain 2008, na Rialacháin fán Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001 (Leasú ar an Sceideal) 2008
- h. An Nós Imeachta maidir le hAchomhairc agus Foirm Fógra Achomhairc

## **1. Réamhrá le Stiúrthóir na hOifige Achomhairc Talmhaíochta**

Is é a chuirtear roimh an Oifig seirbhís achomhairc neamhspleách, áisiúil, cothrom agus tráthúil a chur ar fáil dóibh siúd a dhéanann iarratas faoi scéimeanna de chuid na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, agus an tseirbhís sin a chur ar fáil ar bhealach cúirtéiseach, éifeachtach. Is é feidhm atá leis an Oifig Achomhairc Talmhaíochta seirbhís achomhairc a chur ar fáil d'fheirmeoirí atá míshásta le cinntí de chuid na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia mar gheall ar a mbeidís ina theideal faoi scéimeanna áirithe mar a leagtar amach sa Sceideal leis an Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001. Tháinig 481 cás achomhairc i rith na bliana 2008 maidir le réimse scéimeanna éagsúla.

Leagtar amach sa tuarascáil seo na cora nua ba mhó i rith na bliana agus briseadh síos staitisticiúil ar obair na hOifige. De réir an nós leis na tuarascálacha roimhe seo, tugtar cur síos ar réimse cásanna a ndearnadh Oifigigh Achomhairc cinneadh iontu d'fhonn léiriú a thabhairt ar chineál na gceisteanna ba chúis le hachomharc agus an chaoi ar phléigh Oifigigh Achomhairc leo.

Anuas air sin, tugtar briseadh síos sa tuarascáil seo ar an obair a rinne an Coiste Achomhairc maidir le Scéim na hAoníocaíochta a dhéanann scrúdú ar chásanna achomhairc maidir le Scéim na hAoníocaíochta. Oifigigh Achomhairc de chuid na hOifige atá ar an gCoiste Achomhairc maidir le Scéim na hAoníocaíochta ar a bhfuil Cathaoirleach neamhspleách, an tUasal John Duggan.

Tá moltaí sa tuarascáil freisin don Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia i ndáil le scéimeanna éagsúla chomh maith le haird a dhíriú ar nithe a thagann i gceist go minic agus ar cheisteanna maidir le neamhchomhlíonadh iarratasóirí scéime a raibh pónós dá mbarr.

Tá súil agam, chomh maith leis an gcéad fheidhm atá léi mar thuarascáil don Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia a chomhlíonadh, go mbeidh leas ag feirmeoirí, ag an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus ag páirtithe leasmhara eile as an tuarascáil seo.

**John Murphy**

Stiúrthóir (Gníomhach) na hOifige Achomhairc Talmhaíochta

Meitheamh 2009

## **2. An Oifig Achomhairc Talmhaíochta 2008**

Cuireadh an Oifig Achomhairc Talmhaíochta ar bun sa bhliain 2002 d'fhone seirbhís achomhairc a chur ar fáil d'fheirmeoirí a bheadh míshásta le cinntí de chuid na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia mar gheall ar a mbeidís ina theideal faoi scéimeanna áirithe atá á gcur i bhfeidhm ag an Roinn. Leagtar síos feidhmeanna an Stiúrthóra agus na nOifigeach Achomhairc, na cinntí ar féidir achomhairc a dhéanamh mar gheall orthu agus na modhanna oibre atá le leanacht i ndáil le hachomhairc talmhaíochta san Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001 agus sna Rialacháin Achomhairc Talmhaíochta 2002.

Chuir bunú na hOifige Achomhairc Talmhaíochta bonn reachtaíochta faoin bpróiseas achomhairc maidir leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia. Tá na hOifigigh Achomhairc neamhspleách de réir an Achta. Ag teacht le ráiteas misin na hOifige, féachann an Oifig le soirbhiú don chliant agus leis an tseirbhís a dhéanamh ar bhealach cúirtéiseach éifeachtach.

Tá ar cheann de na gnéithe is suntasaí a bhaineann leis an Oifig go bhfuil de cheart ag an achomharcóir éisteacht ó bhéal a éileamh lena dtugann an tOifigeach Achomhairc an t-achomharcóir agus oifigigh de chuid na Roinne le chéile go n-éistítear an dá thaobh den chás agus go gcuirtear ceisteanna. Tar éis fíricí iomlána an cháis a mheas, seoltar litreacha ina leagtar amach an cinneadh go cuimsitheach chuig an achomharcóir agus chuig an Roinn.

### **Lámhleabhar Modhanna Oibre**

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997, bhí dlite ar an Oifig seo Lámhleabhar Modhanna Oibre a ullmhú, ina leagtar amach eolas maidir leis an Oifig Achomhairc Talmhaíochta agus mionsonraí faoi rialacha inmheánacha, modhanna oibre agus míniúcháin a bhíonn in úsáid ag Oifigigh Achomhairc. Is féidir teacht ar an Lámhleabhar Modhanna Oibre ar an suíomh idirlín, [www.agriappeals.gov.ie](http://www.agriappeals.gov.ie), agus tá eolas ann ar na hábhair seo a leanas,

- An Struchtúr, Cúrsaí Eagrúcháin agus Ainmneacha Bhail na Foirne maille le Teidil a gcuid Post
- Feidhmeanna, Cumhachtaí agus Duagais
- Seirbhísí don Phobal (agus an chaoi le leas a bhaint astu)
- Rialacha agus Treoirínte
- Córais na hOifige
- Rangú ar na taifid ar Coimeád agus na Socruithe atá i bhFeidhm maidir lena gCeadú
- Cearta Athbhreithnithe agus Achomhairc, Cearta Athbhreithnithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise san áireamh

### **Plean Gnó**

Ag teacht leis an Tionscnamh Bainistíochta Straitéisí, cuireadh Plean Gnó 2008 le chéile d'fhonn titim isteach le Ráiteas Straitéise na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia 2008 – 10. Bíonn an Plean Gnó mar bhunchloch le hobair na hOifige ar fad agus faoi réir ag athbhreithniú rialta.

## **Bunachar Sonraí**

Cinntítear eolas atá bord ar bhord leis an am i láthair maidir le stádas na gcásanna agus obair na hOifige go ginearálta le bunachar sonraí trína bpróiseáiltear agus trína gcoinnítear taifead ar na cásanna a thagann go dtí an Oifig agus le cartlann leictreonaice de chinntí na hOifige.

## **Suíomh Idirlín ([www.agriappeals.gov.ie](http://www.agriappeals.gov.ie))**

I ngeall ar an dúthracht i leith an r-Rialtais, sheol an Oifig an suíomh idirlín, [www.agriappeals.gov.ie](http://www.agriappeals.gov.ie) sa bhliain 2003. Chomh maith le bheith ina fhoinsé eolais, is féidir le hamharcóirí an fhoirm ‘Information Note and Notice of Appeal’ a chóipeáil anuas agus achomharc a lóisteáil tríd an idirlíon ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas, [appeals.office@agriculture.gov.ie](mailto:appeals.office@agriculture.gov.ie).

## **Comhoibriú leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia**

Leanadh den chaidreamh leanúnach le Rannóga éagsúla sa Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia i rith na bliana 2008 d’fhonn plé a dhéanamh ar cheisteanna éagsúla a tháinig chun cinn mar gheall ar chásanna achomhairc.

## **Cruinnithe Oifigeach Achomhairc**

Bhí aon déag gcinn de chruinnithe ag na hOifigigh Achomhairc i rith na bliana 2008. Is é príomhchuspóir a bhíonn leis na cruinnithe sin leanúnachas agus seasmhacht a chothú ó thaobh cur chuige na nOifigeach Achomhairc agus plé a dhéanamh ar chúrsaí a bhaineann le hobair na hOifige. Is iondúil cruinniú dá leithéid in aghaidh na míosa.

## **Saoráil Faisnéise**

Tháinig roinnt iarratas foirmeálta faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Bhain gach iarratas acu sin le heolas pearsanta a bhí i gcomhad.

## **Oifig an Ombudsman**

Faoi réir an Achta um Achomhairc Talmhaíochta 2001, is féidir le hamharcóirí leis an Oifig seo a iarraidh go ndéanfaidh Oifig an Ombudsman athbhreithniú ar a gcás. Go dtí seo, tá cúig déag gcinn de chásanna a tháinig isteach i rith na bliana 2008 curtha faoi bhráid an Ombudsman. Níor tharla in aon chás gur iarr an tOmbudsman ar an Oifig cinneadh dá cuid a leasú.



### **3. An Nós Imeachta maidir le hAchomhairc agus Éisteachtaí ó Bhéal**

As an 481 cás achomhairc a tháinig isteach i rith na bliana 2008, bhí éisteacht ó bhéal i gceist le 331 (69%) acu. (61% sa bhliain 2007).

Nuair a thagann cás achomhairc, déanann an Oifig seo,

- An comhad a bhaineann le hábhar a iarradh ar an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia
- A iarraidh go gcuirfeadh an Rannóg lena mbaineann an cás sa Roinn sin ráiteas ar fáil ina léirítear a oiread agus a ghlactar nó a chuirtear in aghaidh na bhfíricí agus na n-argóintí atá á gcur chun cinn ag an achomharcóir.

Déileáiltear le cásanna achomhairc san ord céanna ina dtagann siad isteach.

Ar an gcomhad a fháil ón Roinn, cuireann Stiúrthóir na hOifige Achomhairc Talmhaíochta Oifigeach Achomhairc i mbun an cháis. Déanann an tOifigeach Achomhairc comhfhreagras leis an achomharcóir an tráth sin mar gheall ar an gcás agus d'fhonn socrúithe a dhéanamh d'éisteacht ó bhéal sa chás go n-iarrann an t-achomharcóir sin nó sa chás go measann an tOifigeach Achomharcóir gá leis.

Tar éis fíricí iomlána an cháis a scrúdú agus a thabhairt faoi mheas, déanann an tOifigeach Achomhairc cinneadh mar gheall ar an gcás agus eisítear litir chuig an achomharcóir ina leagtar amach toradh an achomhairc agus ina luaitear na cúiseanna leis an gcinneadh.

Tá ar cheann de shaintréithe na hOifige go bhfuil de cheart ag an achomharcóir éisteacht ó bhéal a iarraidh ag a dtugann an tOifigeach Achomhairc an t-achomharcóir agus oifigigh de chuid na Roinne le chéile go n-éistítear an dá thaobh den chás agus go gcuirtear ceisteanna. Reáchtáiltear an éisteacht ó bhéal in áit atá gar do láthair ag an achomharcóir ionas go gcinntítear áisiúlacht maidir leis an bpróiseas achomhairc. Is iad na tréithe buntábhachta a bhaineann le héisteacht ó bhéal,


- Go mbíonn siad príobháideach agus neamhfhoirmeálta ó thaobh leagan amach
- Go bhfuil de cheart ag an achomharcóir ionadaí a bheith i láthair thar a cheann ach nach mór don achomharcóir féin a bheith i láthair ag an éisteacht chomh maith

Reáchtáiltear Éisteachtaí ó Bhéal i ngach contae sa tír. D'fhonn freastal don ghá atá le héifeachtacht, féachann an Oifig Achomhairc Talmhaíochta le héisteachtaí ó bhéal a eagrú sa chaoi is go mbeidh roinnt éisteachtaí ar an lá amháin ag an Oifigeach Achomhairc i réigiún ar leith. Cuirtear réigiún ar leith faoi chúram Oifigigh Achomhairc ar feadh seal agus athraítear na réigiúin agus na hOifigigh go rialta.

## 4. Staitisticí – 2008


481 cás a tháinig faoi bhráid i rith na bliana 2008 i gcomparáid le 394 i rith na bliana 2007, méadú 22%.

### 4(a) Na Cásanna Achomhairc a cuireadh faoi bhráid arna lua de réir na Míosa







**4(b) Na Cásanna Achomhairc a cuireadh faoi bhráid arna rangú de réir an Chontae**



**4(c) Na Cásanna Achomhairc a cuireadh faoi bhráid arna rangú de réir na Scéime**



#### 4(d) An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Iarratais ar Scéimeanna 2008



*Nóta: Staitisticí arna gcur ar fáil ag an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia*

#### 4(e) Toradh na gCásanna Achomhairc a cuireadh faoi bhráid i rith na bliana 2008

<i>Comparáid le blianta roimhe seo</i>	<i>2008</i>	<i>2007</i>	<i>2006</i>	<i>2005</i>	<i>2005</i>
<b>Achomhairc a Ceadaíodh, a Ceadaíodh I bPáirt nó a Leasaíodh</b>	34%	38%	36%	36%	33%
<b>Achomhairc a Tarraingíodh Siar, Nach raibh Bailí nó Míthráthúil nó ar Cuireadh Comhairle mar gheall orthu</b>	12%	13%	14%	11%	11%
<b>Achomhairc a Diúltaíodh</b>	46%	42%	40%	49%	51%
<b>Ar siúl</b>	8%	7%	10%	4%	5%

#### Téarmaíocht

**Achomharc a Ceadaíodh:** Sa chás go seasann an tOifigeach Achomhairc leis an gcás a chuireann an t-amharcóir faoi bhráid agus go gcuirtear an piónós ar neamhní.

**Achomharc a Ceadaíodh i bPáirt:** Baineann leis an gcatagóir seo na cásanna, i measc cásanna eile, ina socraíonn an tOifigeach Achomhairc gur piónós maolaithe nó níos éadroime ba chirte a ghearradh.

**Leasaithe ag an Roinn:** Tagann i gceist leis an gcatagóir seo, cásanna ina mbíonn leasú déanta ag an Roinn ar an gcéad chinneadh arna bhunú ar eolas nua a chuireann an t-amharcóir faoi bhráid na hOifige Achomhairc Talmhaíochta.

**Neamhbhailí:** Tagann i gceist leis an gcatagóir seo cásanna achomhairc ar cheisteanna nach mbaineann leis an Oifig (i.e. Scéimeanna nach liostaítear sa Sceideal leis an Acht um Achomhairc Talmhaíochta), cásanna roimh an 13 Bealtaine 2002, achomhairc a dhéantar faoi dhó agus cásanna nach bhfuil aon chinneadh déanta maidir leo ag an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.

**Mí-thráthúil:** Bíonn trí mhí ag an iarratasóir le hachomharc a dhéanamh ón dáta a dtugtar cinneadh na Roinne agus níl glacadh le hachomharc a thagann níos faide anonn ná sin. Tharlódh, ina dhiaidh sin is uile, go ligfeadh an Stiúrthóir do chás a chuirtear faoi bhráid tráth is deireanaí ná trí mhí ón dáta sin a theacht faoi mheas i gcúinsí eisceachta.

**Cuireadh Comhairle:** Foráiltear faoin Acht do chur faoi bhráid a dhéantar leis an Aire faoin Scéim Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola agus faoin Scéim do Cheadú agus do Chlárú Déileálaithe agus Áitreabh Déileálaithe a chur faoi bhráid an Stiúrthóra d'fhonn comhairle a fháil. Baineann an catagóir seo le cásanna inar chuir an Stiúrthóir comhairle ar fáil.

**Diúltú d'Achomharc:** Sa chás nach nglacann an tOifigeach Achomhairc leis an gcás a chuireann an t-achomharcóir ar aghaidh agus go meastar an piónós a ghearr an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia a bheith ceart.

**Ar Siúl:** Cásanna ón mbliain 2008 nach bhfuil tugtha chun críche go fóill.

#### 4(f) Toradh na gCásanna a tháinig isteach sa bliain 2008 de réir na scéime

AN SCÉIM	Fuarthas	Ceadaíodh	%	I bpáirt	%	Leasatíodh	%	Tarraingíodh Siar	%	Neamh-bhailí	%	Mithrátháil	%	Comhairle	%	Diúltatíodh	%	Ar siúl	%
Scéimeanna maidir le Malairt Fiontraíochta	1	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	1	100.0%	-	0.0%
Bith Fionnime Scéim	1	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	1	100.0%	-	0.0%
Scéim Fhorbartha na hEarnála Orgánai	2	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	2	100.0%	-	0.0%
Scéim na Liántas Cúitimh do Limistéir faoi Mhíbhuntáiste	5	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	1	20.0%	2	40.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	2	40.0%
An Scéim maidir le Luathscor ón bhFeirmeoireacht	6	1	16.7%	-	0.0%	1	16.7%	1	16.7%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	2	33.3%	1	16.7%
Scéim Phréimhe na gCaorach	1	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	1	100.0%
Scéim Feabhsúcháin Feirme	10	2	20.0%	1	10.0%	-	0.0%	2	20.0%	1	10.0%	-	0.0%	-	0.0%	4	40.0%	-	0.0%
Bainistiú Dramhaíola ar Fheirmeacha	58	7	12.1%	4	6.9%	6	10.3%	-	0.0%	2	3.5%	6	10.3%	-	0.0%	30	51.7%	3	5.2%
Scéimeanna d'fhoill Feabhas ar Chaighdeán Sláinteachais maidir leis an Déiríocht	1	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	1	100.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%
Scéimeanna Cúnta maidir le Foirgneamh	25	1	4.0%	-	0.0%	1	4.0%	1	4.0%	2	8.0%	1	4.0%	-	0.0%	17	68.0%	2	8.0%
Gnéithe Neamhluchála den Scéim Frithghníomhaithe	4	-	0.0%	1	25.0%	-	0.0%	1	25.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	2	50.0%	-	0.0%
Eile	1	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	1	100.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%
An Scéim um Chosaint na Timpeallachta faoin Tuath (REPS)	247	28	11.3%	18	7.3%	43	17.4%	9	3.6%	6	2.4%	8	3.2%	-	0.0%	118	47.8%	17	6.9%
SAÍF - Crosghéilliúnas	17	3	17.7%	4	23.5%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	1	5.9%	-	0.0%	9	52.9%	-	0.0%
SAÍF - Iarratais a chur isteach ró-mhall	22	-	0.0%	-	0.0%	9	40.9%	1	4.5%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	12	54.5%	-	0.0%
SAÍF- Ró-dhearbhú maidir le talamh/cur-i-leataobh	56	5	8.9%	6	10.7%	13	23.2%	3	5.4%	2	3.6%	-	0.0%	-	0.0%	15	26.8%	12	21.4%
SAÍF - Ghéilleadh teidlíochtaí nár úsáideadh chun Nationl Cúlchiste	5	1	20.0%	1	20.0%	2	40.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	1	20.0%	-	0.0%
SAÍF – Tearcdhearbhú maidir le talamh/cur-i-leataobh	1	-	0.0%	-	0.0%	1	100.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%
SAÍF - Ghéilleadh teidlíochtaí (mainneachtain a chur i bhfeidhm)	1	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	1	100.0%
Scéim na hAoníochachta Feirme - Eile	14	2	14.3%	-	0.0%	2	14.3%	-	0.0%	4	28.6%	-	0.0%	-	0.0%	4	28.6%	2	14.3%
Scéim Phréimhe na mBó Diúl	3	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	-	0.0%	3	100.0%	-	0.0%

#### 4(g) An Tréimhse a Chaitear le Comhad a chur ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia go dtí an Oifig Achomhairc

B'ionann an tréimhse ama a caitheadh ar an meán sular thug an Roinn comhaid ar ais i rith na bliana 2008 agus 26 lá. 33 lá ar an meán a caitheadh le comhad a thabhairt ar ais sa bhliain 2007. Seo a leanas briseadh síos de réir na Scéime;

<i>SCÉIM</i>	<i>2008</i>
<i>Scéimeanna maidir le Malairt Fiontraíochta</i>	51
<i>Bith Fionnimh Scéim</i>	16
<i>Scéim Fhorbartha na hEarnála Orgánaí</i>	42
<i>Scéim na Liúntas Cúitimh do Limistéir faoi Mhíbhuntáiste</i>	10
<i>An Scéim maidir le Luathscor ón bhFeirmeoireacht</i>	17
<i>Scéim Phréimhe na gCaorach</i>	14
<i>Scéim Feabhsúcháin Feirme</i>	31
<i>Bainistiú Dramhaíola ar Fheirmeacha</i>	31
<i>Scéimeanna Cúnta maidir le Foirgneamh</i>	27
<i>Gnéithe Neamhluachála den Scéim Luachála ar an bhFeirm maidir le hFrithghníomhaithe Eitinne agus Brúsaloise</i>	18
<i>An Scéim um Chosaint na Timpeallachta faoin Tuath (REPS)</i>	36
<i>Scéim na hAoníochta Feirme</i>	26
<i>Scéim Phréimhe na mBó Diúl</i>	15

Nuair a dhéantar achomharc leis an Oifig Achomhairc Talmhaíochta, déanann an Oifig seo,

- An comhad a bhaineann le hábhar a iarraidh ar an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia
- A iarraidh go gcuireann an Rannóg sa Roinn a bhaineann le hábhar ráiteas ar aghaidh ina léirítear a oiread agus a ghilactar leis na fíricí agus an t-áitiú mar atá curtha ar aghaidh ag an amharcóir nó a dhiúltaítear dóibh.

Iarrann an Oifig ar an Roinn na comhaid a chur ar ais **taobh istigh de dhá sheachtain** ón gcéad iarratas. Déantar sin d'fhonn cásanna achomhairc a chur faoi choimirce Oifigigh Achomhairc gan mhoill ionas go ndéantar a mheas a luaithe is féidir. Eisítear meabhrán sa chás nach mbíonn freagra pras ón Roinn. Eisíodh 149 meabhrán i rith na bliana 2008.

#### 4(h) An Tréimhse Ama a chaitear le cinneadh ar chásanna san Oifig Achomhairc

Maidir le cásanna na bliana 2008, b'ionann an tréimhse a caitheadh ar an meán ag déileáil le cás ón uair a tháinig comhad agus ráiteas na Roinne go dtí gur eisíodh an cinneadh agus 101 lá. B'ionann agus 121 lá an meántréimhse i rith na bliana 2007.

Tá trí mhí ón uair a dhéantar an t-achomharc go n-eisítear an cinneadh i litir leagtha síos de sprioc ag an Oifig Achomhairc. Bíonn cásanna ann nach móide gur féidir, mar gheall ar chúrsaí nach bhfuil faoi smacht na hOifige Achomhairc, iad a thabhairt chun críche taobh istigh den tréimhse ama atá socraithe.

#### 4(i) Cúrsaí mar a bhí ag deireadh na bliana

<i>Stádas (ar an 31 Nollaig)</i>	<i>2008</i>	<i>2007</i>	<i>2006</i>	<i>2005</i>	<i>2004</i>
<i>Cásanna a tugadh chun críche</i>	339	254	288	762	821
<i>Obair ar siúl – An Oifig Achomhairc</i>	96	134	130	13	200
<i>Ag fanacht le freagra na Roinne</i>	46	6	9	15	95
<i>Iomlán idir lámha</i>	142	140	139	28	295
Móriomlán	481	394	427	790	1116

<i>Cásanna a tugadh chun críche i rith na bliana 2008</i>	<i>Number</i>
<i>Cásanna na bliana 2008 a tugadh chun críche i rith na bliana 2008</i>	339
<i>Cásanna de chuid na bliana 2006 &amp; na bliana 2007 a tugadh chun críche i rith na bliana 2008</i>	140
Líon iomlán na gcásanna a tugadh chun críche i rith na bliana 2008*	<b>479</b>

**\*Nóta:** Chomh maith leis na cásanna thuas a tugadh chun críche, tugadh 120 cás maidir leis an Scéim Aoníocaíochta chun críche faoi Choiste Achomhairc na Scéime Aoníocaíochta. Tugtar breis eolais sa chéad chuid eile den Tuarascáil thíos.



## 5. Coiste Achomhairc Scéim na hAoníocaíochta


Cuireadh an Coiste Achomhairc maidir le Scéim na hAoníocaíochta ar bun i mí Feabhra 2004 d'fhonn déileáil le hachomhairc ó fheirmeoirí nach mbíonn sásta le socruithe na Roinne i ndáil le gnéithe éagsúla de Scéim na hAoníocaíochta a chur i bhfeidhm.

Is é John Duggan Uasal Cathaoirleach an choiste ar a bhfuil Oifigigh Achomhairc de chuid na hOifige Achomhairc Talmhaíochta. Is feirmeoir é an tUasal Duggan a bhíodh ina Chathaoirleach tráth ar Avonmore agus ar Glanbia Plc agus a bhfuil taithí aige ar gach gné d'earnáil na talmhaíochta. Bhí sé ina chomhalta den bhord tráth ag Bord Bia agus ag an mBord Baine.

Déanann an Coiste Achomhairc maidir le Scéim na hAoníocaíochta scrúdú ar achomhairc maidir le socruithe de chuid na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia i ndáil le gnéithe éagsúla de Scéim na hAoníocaíochta. Orthu sin, bíonn *Force Majeure*, socruithe maidir le hIontrálaí Nua/Comharbacht, Clásál Conradh Príobháideacha, agus baineann an chuid is mó den obair le cinneadh ar chásanna maidir leis an dáileadh ar chion teidil as an gCúl Taca Náisiúnta 2005, 2006 agus 2007.

Bhí trí gcinn de chruinnithe ag an gCoiste i rith na bliana 2008 agus tugadh an scrúdú ar 120 cás chun críche le linn an ama sin agus cuireadh moladh ar aghaidh chuig an Roinn mar a leagtar amach sa tábla thíos.

<i>An Coiste Achomhairc maidir le Scéim na hAoníocaíochta - Staitisticí 2008</i>							
	Force Majeure	Iontrálaí Nua / Comharbacht	Cúl Taca Náisiúnta 2005	Cúl Taca Náisiúnta 2006	Cúl Taca Náisiúnta 2007	Clásál Conradh Príobháideacha	Móriomlán
<b>Ceadaíodh</b>	-	1	1		2	-	<b>4</b>
<b>Diúltaíodh</b>	4	4	24	16	63	1	<b>112</b>
<b>Breis eolais / Fiosrúchán</b>	-	-	1	-	-	-	<b>1</b>
<b>Neamhbhailí</b>	-	2	-	1	-	-	<b>3</b>
<b>Iomlán</b>	<b>4</b>	<b>7</b>	<b>26</b>	<b>17</b>	<b>65</b>	<b>1</b>	<b>120</b>



## 6. Cásanna Achomhairc Áirithe

### Cás 1 Scéim Bhithfhuinnimh maidir le Saileach agus *Miscanthus*

Cuireann an Scéim Bhithfhuinnimh deontais bhunaidh ar fáil chun daoine a spreagadh saileach agus *miscanthus* a fhás chun bithmhais a bheadh oiriúnach le húsáid mar fhoinsé fuinnimh in-athnuaite a tháirgeadh. Ba é 29 Feabhra 2008 a bhí mar dháta deiridh d'iarratais ar dtús agus síníodh an spriocdháta go dtí 31 Márta 2008. I mí Lúnasa 2008, rinne an tAchomharcóir teagmháil leis an Aonad Polasaí Bithbhreoslaí maidir leis an iarratas. Chuir an Roinn in iúl don Achomharcóir an 3 Meán Fómhair 2008 nach raibh aon taifead aici go bhfuarthas iarratas uaidh maidir lena bheith páirteach sa scéim agus faoin tráth sin nárbh fhéidir léi glacadh le hiarratas deireanach. Rinneadh achomharc ar an gcinneadh ina dhiaidh sin chuig an Oifig Achomharc Talmhaíochta.

Ag an éisteacht ó bhéal, dhearbhaigh an Roinn nach bhfuarthas iarratas agus nach ndearna an tAchomharcóir comhfhreagras leis an Aonad Polasaí Bithbhreoslaí go dtí go deireanach i mí Lúnasa 2008. Dúirt siad nach féidir leo deontais a bhronnadh go cúlghabhálach agus dá bharr sin go raibh orthu iarratas deireanach a dhiúltú. Dúradh go soiléir nach mbíonn teideal go huathoibríoch ag saothróirí ar an deontas agus go gcaitheann siad iarratas a dhéanamh ar an deontas. Tar éis measúnú a dhéanamh ar iarratas, a d'fhéadfadh a bheith mar mheasúnú deisce nó mar chigireacht ar an láthair, d'eiseofaí litir cheadaithe sa chás gur éirigh le hiarratas. Ní mór don iarratasóir an litir fhoirmiúil 'Ceadú Roimh Phlandáil' sin a fháil sula ndéantar aon obair nó plandáil.

Mar fhreagra air sin, léirigh an tAchomharcóir an obair agus an costas a bhaineann le barr *miscanthus* a bhunú. Míníodh an próiseas maidir leis an bhfoirm iarratais a chomhlánú le cabhair ó ghníomhaireacht chonarthaigh. Ní dhearna an ghníomhaireacht chonarthaigh fiosrú ar bith roimh phlandáil lena fháil amach an bhfuarthas an litir cheadaithe. Dhearbhaigh an tAchomharcóir go raibh cóip den fhoirm iarratais aige, foirm a dúirt sé a sheol sé tríd an ngnáthphost. Dúradh go mb'fhéidir go raibh míthuiscint ann de bharr gurbh ionann an creat ama don iarratas ar an Scéim Bhithfhuinnimh agus an tráth iarratais ar an Scéim Chnáibe.

I dTearmaí agus Coinníollacha na scéime faoi Alt 9 'Iarratas ar Cheadú Roimh Phlandáil' aibhsítear i gcló trom go gcaithfidh an phlandáil mholta go léir réamh-cheadú i scríbhinn a fháil ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus nach mbeidh aon phlandáil a dhéanfar gan cheadú den sórt sin incháilithe le haghaidh cúnamh deontais. Déantar tagairt do cheadú réamh-phlandála in Alt 8 chomh maith 'Coinníollacha do Chabhair Deontais faoin Scéim Bhithfhuinnimh'. In Alt 3, 'Sainmhínithe', sainmhínítear iarratasóir mar dhuine a dhéanann iarratas ar cheadú réamh-phlandála agus ciallaíonn ceadú, ceadú réamh-phlandála a dheonaigh an tAire maidir le hiarratas a rinneadh faoin scéim sin. Tugadh ar aird gur shínigh an tIarratasóir dearbhú a bhí léite aige an tráth ar chomhlánaigh sé an fhoirm iarratais agus gur aontaigh sé cloí leis an dearbhú agus a bheith faoi cheangal Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime Bhithfhuinnimh. Ar an droch uair, ní bhfuair an Roinn iarratas roimh spriocdháta na scéime agus níor cuireadh aon fhianaise faoina bráid gur cuireadh iarratas sa phost. Chomh maith leis sin, tharla plandáil an bhairr sula bhféadfaí an Roinn ceadú a eisiúint. Dícheadaíodh an t-achomarc.

## Cás 2 An Scéim Luathscor

D'iarr an tAchomharcóir díolúine ó riachtanais áirithe de chuid na Scéime um Luathscor (ERS) 3 faoi fhorálacha do force majeure/d'imthosca eisceachtúla de bharr bhreiteacht mhíochaine a d'fhág go raibh air éirí as an bhfeirmeoireacht in 1996. Dhiúltaigh an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia an t-iarratas de bharr go gcaithfeadh an t-iarratasóir a bheith i mbun feirmeoireachta leis/léi féin nó le duine muinteartha leis/léi ar feadh 10 mbliana roimh aistriú/tíolacas a shíniú nó roimh dháta oibríochtúil an léasa agus nach mbíonn ach tailte ar aistríodh iad chuig aistrí incháilithe an 1 Eanáir 2005 nó ina dhiaidh sin incháilithe don scéim. Dúradh san achomharc gur tháinig breiteacht thromchúiseach ar an Achomharcóir in 1996 ach gur lean sé air i mbun feirmeoireachta ar shlí theoranta le cúnamh ó chairde, ó ghaolta agus ó chomharsana maithe go dtí gur bhain sé amach aois cháilithe don ERS 3, eadhon 55 bliana d'aois.

I dTearmaí agus Coinníollacha na ERS3, faoi Alt 5 'Daoine Incháilithe chun Iarratas a Dhéanamh ar Phinsean', deir alt 5.7 nach mór go mbeadh an t-iarratasóir i mbun feirmeoireachta leis/léi féin nó le duine muinteartha leis/léi nó le páirtí ar feadh na 10 mbliana roimh an léas a shíniú nó roimh dháta oibríochtúil an léasa. Déileálann Alt 4 le 'Tailte Incháilithe d'Íocaíocht' agus in alt 4.2, míníonn sé go mbíonn tailte arna n-aistriú an 1 Eanáir 2005 nó ina dhiaidh sin incháilithe lena bheith curtha san áireamh faoin Scéim'. Deir Alt 4.1 leis nach mór do na tailte a bheith faoi réir ag iarratas SPS/Cúnamh Limistéir ar dháta sínithe na ndoiciméad aistrithe/léasa nó i rith na bliana roimh shíniú agus go mbíonn siad sin incháilithe d'Íocaíocht. Thug taifid na Roinne le tuiscint gur cuireadh foirm deiridh do Chúnamh Limistéir de chuid an Achomarcóra isteach in 1993 agus go ndearnadh an tástáil tréada deiridh i mí na Samhna 1993. Níor léirigh fianaise ar bith atá ar thaifid na Roinne gur tharla aon ghníomhaíocht feirmeoireachta tar éis 1993.

I ndáil le 'Imthosca Eisceachtúla', deir alt 21 de chuid Thearmaí agus Coinníollacha ERS3 *Sa chás nach féidir le h-iarratasóir ionchasach coinníollacha áirithe de chuid na scéime a chomhlíonadh de bharr cúiseanna nach mbíonn smacht aige/aici orthu ... is féidir breiteacht thromchúiseach/neamhábaltacht (arna tacú ag fianaise mhíochaine) a bheith ina n-imthosca faoinar féidir imthosca eisceachtúla a mheas.* Dhearbhaigh an fhianaise mhíochaine nach raibh an tAchomharcóir ábalta obair a dhéanamh (mar a d'fhóraigh Oifigeach Míochaine de chuid na Roinne Leasa Shóisialaigh) tar éis timpiste bóthair in 1996 agus tugann sé stair bhreise ar dhrochshláinte. Mar sin féin, ní féidir glacadh leis an iarratas ar riachtanais na scéime a chur i leataobh bunaithe ar an bhfianaise mhíochaine de bharr (a) an méid ama i.e. iarradh tréimhse níos faide ná 12 bliain a chur i leataobh agus (b) nár cuireadh aon iarratas ar Chúnamh Limistéir isteach ó 1993, rud a thugann le tuiscint nár tharla aon ghníomhaíocht feirmeoireachta sular tharla an timpiste bóthair 1996. Dícheadaíodh an t-achomharc.

### Cás 3 Scéim Fheabhsaithe Feirme (FIS)

Fuarthas iarratas ar an Scéim Fheabhsaithe Feirme (FIS) an 22 Deireadh Fómhair 2007. Bhain sé le cúnamh deontais chun (i) mataí ar lataí a chur isteach agus (ii) bosca mine a chur in airde. Cuireadh an scéim ar fionraí an 31 Deireadh Fómhair 2007 de bharr gur sroicheadh an leibhéal maoinithe a bhí sannta agus ní raibh iarratais a fuarthas idir an 21 Deireadh Fómhair agus an 31 Deireadh Fómhair 2007 le próiseáil ach amháin go dtí an leibhéal maoinithe a bhí ar fáil. Cuireadh in iúl d'oifig áitiúil na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (DAFF) an 5 Meitheamh 2008, gur lóisteáladh an t-iarratas an 19 Deireadh Fómhair 2007. Míníodh gur choimeád an chomhairleoireacht talmhaíochta clár de na hiarratais a d'ullmhaigh siad agus gur taifeadadh gur cuireadh an t-iarratas i gceist isteach an 19 Deireadh Fómhair 2007. Rinne an DAFF athbhreithniú ar an gcás go hinmheánach agus chinn sé nárbh fhéidir glacadh leis an iarratas. Ba é an tuairim a bhí acu gur leag na Téarmaí agus Coinníollacha amach go soiléir go dtiocfadh an scéim i bhfeidhm an 12 Iúil 2007 agus go ndúnfaí í ó thaobh iarratas nua nuair a bheadh an leithdháileadh de €85 milliún a aithníodh sa Chlár Forbartha Tuaithe 2007-2013 maidir le Gabháltais Thalmhaíochta a Nuachóiriú caite. Tháinig an DAFF ar an tátal go mbeadh mar thoradh ar iarratais a fuarthas tar éis an dáta deiridh (21 Deireadh Fómhair 2007) a chur san áireamh caiteachas faoin scéim níos airde ná an leithdháileadh a ndearnadh foráil dó.

Lóisteáladh achomharc. Rinne an DAFF machnamh ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil agus dhearbhaigh siad a gcinneadh nárbh fhéidir an t-iarratas a phróiseáil. Bhí stampa dáta air go bhfuarthas é an 22 Deireadh Fómhair 2007 agus toisc go raibh sin lasmuigh den tréimhse ama cheadaithe níorbh fhéidir leo é a phróiseáil. Dúirt na forais achomhairc gur cuireadh an t-iarratas isteach an 19 Deireadh Fómhair 2007. Tar éis cainteanna, lorgaíodh comhthacaíocht maidir leis an am ar lóisteáladh é. Áitíodh gur próiseáladh iarratais eile a fuarthas an 19 Deireadh Fómhair agus gurb ionann sin agus idirdhealú. Dúirt an tAchomharcóir gur lóisteáladh an t-iarratas ar an 19 agus ní an 22. Ba é croílár na hargóna gur lóisteáladh an t-iarratas ar an 19 ach nár cuireadh stampa dáta air go dtí an Luan ina dhiaidh sin (an 22) agus murar cuireadh stampa dáta air go dtí sin nach raibh sé ceart ná cóir déileáil leis ar an tslí sin.

Is léir fíricí na scéime. Ba é 21 Deireadh Fómhair 2007 an spriocdháta d'aighneachtaí don scéim áirithe seo. Níorbh fhéidir iarratais a bhreithniú tar éis an dáta sin de bharr gur sroicheadh an maoiniú tascach a cuireadh ar fáil. Fágadh iarratais a fuarthas tar éis an dáta sin ar leataobh go bhfaighfí maoiniú breise. Tugadh ar aird gur admháladh an t-iarratas an 22 Deireadh Fómhair 2007. Dúirt an fhoirm FIS9 a eisíodh don Achomharcóir gur eisíodh í ...lena admháil go bhfuarthas .. iarratas an 22 Deireadh Fómhair 2007 ar chúnamh deontais faoin Scéim thuas luaite [Feabhsú Feirme]... D'ainneoin éilimh gur lóisteáladh an t-iarratas an 19 Deireadh Fómhair, luíonn sé le réasún glacadh leis go gcuirfí stampa ar iarratas a cuireadh isteach an Aoine sin. Toisc nárbh amhlaidh sin, fuarthas nach raibh dóthain fianaise chruthaithe ann le bunús a thabhairt don tuairim go bhfuarthas an 19 Deireadh Fómhair é agus teacht ar thátal rathúil. Dícheadaíodh an t-achomharc.

#### **Cás 4 Scéim Bhainistithe Dramhaíola Feirme (FWM)**

Chuir athair an Achomharcóra iarratas achoimre isteach faoin Scéim Bhainistithe Dramhaíola Feirme (FWM) faoina uimhir thréada féin. Ina dhiaidh sin, chuir an tAchomharcóir comh-iarratas isteach ina ainm féin agus in ainm a athar faoi uimhir thréada an Achomharcóra. Ina iarratas, rinne an tAchomharcóir iarratas ar an gcúnamh breise 10% d'fheirmeoirí óga. Eisíodh ceadú chun tosú ar oibreacha ag ráta deontais 70% chuig an Achomharcóir agus chuig a athair. Nuair a chuir an tAchomharcóir tosú na n-oibreacha in iúl don Roinn chuir an Roinn in iúl dósan nach raibh sé incháilithe don 10% breise de bharr go mbeadh ar an mbeirt iarratasóir a bheith faoi bhun 35 bliana d'aois amhail dáta an iarratais le cáiliú. Sna himthosca sin, cuireadh an tAchomharcóir ar an eolas go gcáileodh sé do chúnamh 60%.

Rinne an tAchomharcóir achomharc ar an gcinneadh ar an mbunús go ndearna a athair feirmeoireacht faoina uimhir thréada féin. Dúirt sé gur shocraigh sé airgeadas ar an tuisceant go bhfaigheadh sé maoiniú 70% ón Roinn. Bhí an uimhir thréada faoina ndearna an tAchomharcóir iarratas ar chúnamh ina ainm féin amháin ar dtús. Mar sin féin, bhí sé i gceist aige agus ag a athair dul i mbun comhaontú comhpháirtíochta agus bhí sé beartaithe go mbeadh uimhir thréada a athar díomhaoin ansin. De bharr nach ndeachaigh an socrú do chomhpháirtíocht ar aghaidh, lean athair an Achomharcóra air i mbun feirmeoireachta faoina uimhir thréada féin agus lean an tAchomharcóir ar aghaidh faoina uimhir seisean. Nuair a thuig an tAchomharcóir go raibh a uimhir thréada faoi chomh-ainmneacha tar éis an 10% breise a bheith diúltaithe d'athraigh sé an uimhir thréada go dtí a ainm féin agus sin amháin.

Agus machnamh á dhéanamh aige ar an achomharc, tá ar an Oifigeach Achomharc féachaint do Rialacháin AE a rialaíonn an scéim mar atá leagtha amach sna Téarmaí agus Coinníollacha a eisítear do rannpháirtithe na scéime. Maidir leis an gcás seo go sonrach, déanann na Téarmaí agus Coinníollacha foráil mar seo a leanas; *I gcás iarratas arna déanamh ag comh-úinéirí tréada, ag daoine cláraithe le comh-leas in uimhir thréada, nó ag comh-shealbhóirí aitheantóra eile de chuid na Roinne, nó comhpháirtíochtaí, beidh cúnamh infheistíochta breise infoctha sa chás go gcomhlíonfaidh duine de na húinéirí tréada/comh-shealbhóirí/comhpháirtithe an oiliúint agus an taithí talmhaíochta thuas luaite. I gcásanna den sórt sin, ní mór do gach páirtí a bheith faoi bhun 35 bliana d'aois agus a bheith cláraithe don chéad uair le haitheantóir de chuid na Roinne laistigh de chúig bliana ó fuarthas iarratas bailí faoin scéim.*

Cé gur cuireadh in iúl dó gur cháiligh sé do chúnamh deontais 70%, ní raibh tús curtha leis an obair ag an Achomharcóir nuair a chuir an Roinn an earráid in iúl dó. Bhí iarratas déanta ag an Achomharcóir ar an gcúnamh breise 10% agus tríd an bhfoirm iarratais a shíniú, bhí sé ag rá gur chomhlíon sé na Téarmaí agus Coinníollacha. De bharr go raibh a athair comhainmnithe ar an iarratas agus de bharr nach raibh sé faoi bhun 35 bliana d'aois, ní raibh an t-iarratas incháilithe don chúnamh breise 10%. Dícheadaíodh an t-achomharc.

## Cás 1 Scéim Bhainistithe Dramhaíola Feirme (FWM)

Fuair an Roinn iarratas faoin Scéim Bhainistithe Dramhaíola Feirme (FWM) ar chúnamh deontais ar umar lataithe agus ar áit choíncreite, ar stáinsí, ar bhacainn chothaithe agus ar bhallaí bacainne. Rinne an Roinn cinneadh nach bhfuil sé ceadaithe umar lataithe gan díon agus a sheasann leis féin a thógáil agus gurb iad na roghanna clái a chur in airde timpeall ar umar gan chlúdach nó é a chlúdach le leaca soladacha. Bhí an tAchomharcóir gar don teorainn do chúnamh deontais faoin scéim FWM agus bhí sé beartaithe aige cró a thógáil os cionn an umair faoin Scéim Infheistíochta Feirme (FIS).

Bhí cead pleanála iomlán ag an Achomharcóir le haghaidh cró lataithe agus dúirt sé go mbainfí clái cosanta ar bith agus an cró á thógáil agus lataí á gcur ar an umar. Dúirt an tAchomharcóir go bhfuil gá leis an gcró agus go dtógfar é beag beann ar an iarratas FIS. Dúirt an Roinn go mbeadh cúnamh deontais do na lataí tugtha dó dá mbeadh iarratas déanta ag an Achomharcóir ar an gcró lataithe go léir faoin scéim FWM agus dá mbeadh cuid an chró curtha ar aghaidh go dtí an scéim deontais (FIS) ina dhiaidh sin. Dúirt an Roinn go ndearna an tAchomharcóir iarratas ar dheontas d'umar sciodair lataithe gan díon faoin scéim FWM agus faoin scéim sin nach féidir cúnamh deontais a thabhairt d'umar gan díon ach amháin sa chás go mbíonn clái timpeall air nó go mbíonn clúdach coíncreite soladach air, nach raibh lataí san áireamh. Thug alt 11 de Théarmaí agus Coinníollacha an FWM mionsonraí faoi na hinfeistíochtaí a bhí incháilithe do chúnamh deontais;

- *Umair sciodair/eisiltigh faoin talamh/os cionn an talaimh le clái cosanta timpeall air agus/nó le clúdach báistí, nuair is cuí sin.*
- *Umar sciodair faoi theach lataithe/cubhachail.*
- *Struchtúir eallaí gaolmhara*
- *Teach lataithe*
- *Áiteanna cothaithe lataithe gan díon mar shíneadh ar theach ainmhí*

Deir sonraíocht S123 ag pointe 1.5 go gcuirfear clái turraing-dhíonach agus leanbh-dhíonach, 1.8m ar airde, timpeall ar gach umar lasmuigh nach bhfuil cosanta cheana féin ag clúdaigh shábháilteachta mar a shonraítear sa tsonraíocht. D'éiligh alt 11 de Théarmaí agus Coinníollacha an FWM go dtógfaí gach struchtúr faoin Scéim ag comhlíonadh na na níos-Sonraíochtaí ábhartha a eisíodh amháin dháta ceadaithe na Roinne.

Thug an tOifigeach Achomharc an t-iarratas bunaidh agus an cead pleanála ar aird agus mheas go raibh na nithe a ndearnadh iarratas ina leith lárnach d'aonad tithíochta. Eisíodh fógra i mí Mheán Fómhair 2008 'Fógra d'Fheirmeoirí ag Cur Obair faoin Scéim Bhainistithe Dramhaíola Feirme i gCrích' chuig gach iarratasóir FWM agus dúirt sé; *Umair faoi Thithíocht d'Ainmhithe – Sa chás nach féidir le hiarratasóir teach ainmhí a thabhairt chun críche (mar a leagtar síos san fhógra) faoi dheireadh na bliana, d'fhéadfadh go mbeadh cúnamh deontais fós ar fáil d'umair faoin teach beartaithe ar an gcoinníoll go gcuirtear i gcrích go hiomlán iad (i.e. urlár agus ballaí curtha i gcrích chuig na sonraíochtaí ábhartha, lataithe agus cúl-líonta)....*

Fuair an tOifigeach Achomharc go ndearnadh measúnú ar an umar gan féachaint don struchtúr go léir mar a bhí beartaithe é a thógáil de bharr an tslí ar cuireadh an t-iarratas isteach. Fuair an tOifigeach Achomharc gur éiligh coinníollacha na scéime leaca soladacha nó clái cosanta d'umar lasmuigh, ach ghlac sé leis go raibh an t-umar sin lárnach do theach lataithe. Mheas an tOifigeach Achomharc go mbeadh cur in airde chlaí cosanta chun na riachtanais maidir le humar lasmuigh a chomhlíonadh, agus sin amháin, agus nach raibh sé i gceist riamh go mbeadh an t-umar sin lasmuigh. Bhainfí an clái chun cóiríocht eallaí lataithe a sholáthar agus chaillfí costais agus cúnamh deontais dá bharr. Thug an tOifigeach Achomharc ar aird go raibh léaráidí agus mionsonraí faoi chead pleanála do chró lataithe iomlán san iarratas bunaidh. Thug an tOifigeach Achomharc an fhoráil eisceachtúil faoin scéim FWM, maidir le cúnamh deontais a thabhairt d'umair lataithe agus iad suiteáilte, cúl-líonta agus sonrasc, teastas agus éileamh iomlán tugtha ina leith faoin 31 Nollaig 2008, de réir an fhógra dar dáta Meán Fómhair 2008, ar aird leis.

Thug an tOifigeach Achomharc cead i bpáirt don achomharc, agus cead á thabhairt do chúnamh deontais ar an umar, lataí san áireamh ach gan an clái cosanta. Níor cheadaigh sé na hoibreacha coimhdeacha a liostaíodh ar an iarratas mar shampla bacainní cothaithe, ballaí bacainne, stáinsí agus áit choíncreite, de bharr nach raibh na nithe sin lárnach don umar a ndearnadh iarratas ina leith.



## **Cás 6 Scéim Chúnaimh Suiteála (IAS)**

Lóisteáladh foirm iarratais IAS1 an Achomharcóra ar an Scéim Chúnaimh Suiteála (IAS) leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (DAFF) i mí na Nollag 2007. Ba i nDeireadh Fómhair 2006 a bhí a ‘dháta tosaithe’ mar a chinn an DAFF de réir Théarmaí agus Coinníollacha na Scéime. Scríobh an DAFF chuig an Achomharcóir á chur ar an eolas go ngearrfaí pionós air de bharr nár cuireadh a fhoirm iarratais IAS1 isteach laistigh de 6 mhí óna ‘dháta tosaithe’.

Chuir an tAchomharcóir litir ón gcomhairleoir ag tacú lena achomharc isteach. Dúirt an litir sin go raibh a chomhairleoir ar an eolas go raibh an IAS le dúnadh in 2006. Bhí sé ar an eolas freisin go seolfaí scéim nua in 2007. Bheadh ráta cúnaimh níos airde ag an Scéim Suiteála nua sin ar fáil d’iarratasóirí incháilithe. Rinne sé teagmháil leis an Roinn ar an nguthán agus is éard a thuig sé tar éis an ghlaio gutháin sin go bhféadfadh sé iarratas a dhéanamh faoin Scéim Suiteála 2007 bheartaithe, de bharr gur do dhaoine a ‘thosaigh’ ar an bhfeirmeoireacht go deireanach in 2006 a bhí an Scéim. Ní raibh taifead ar bith ag an gcomhairleoir ar ainm an oifigigh DAFF ar labhair sé leis/léi ar an nguthán faoin scéal. Seoladh an scéim nua, an Scéim Chúnaimh Suiteála d’Fheirmeoirí Óga (YFIS) an 13 Meitheamh 2007. Thuig an comhairleoir ina dhiaidh sin nach raibh an tAchomharcóir, ná aon duine eile a ‘thosaigh’ ar an bhfeirmeoireacht go deireanach in 2006, incháilithe do chúnamh faoin YFIS.

Ní raibh foráil ar bith ann riamh le cead a thabhairt do na feirmeoirí sin a bhí ‘tosaithe’ ar an bhfeirmeoireacht in 2006 iarratas ar chúnamh faoin YFIS a dhéanamh. Le linn an phróisis achomhairc dúirt an DAFF gur fógraíodh ag seoladh an YFIS go gcuirfí íocaíocht ‘bhreisithe’ ar fáil d’iarratasóirí IAS a thosaigh go deireanach in 2006.

Ba é tuairim an Oifigigh Achomharc gur shonraigh Téarmaí agus Coinníollacha an IAS na pionóis i ndáil le neamh-chomhlíonadh go soiléir. Sa chás nár lóisteáladh an t-iarratas don scéim (IAS1) laistigh de 6 mhí ó thosaigh an t-iarratasóir, ghearrfaí pionós 5% in aghaidh na míosa nó an chuid den mhí go raibh an IAS1 deireanach. I gcás an Achomharcóra ríomhadh an pionós mar 40% agus bhí sin ceart.

Rinne an tOifigeach Achomharc athbhreithniú ar phreas ráiteas an DAFF a d’fhógair an YFIS a eisíodh an 13 Meitheamh 2007. Seo a leanas sliocht ón bpreasráiteas; *‘D’fhógair an tAire go raibh an leibhéal deontais níos airde á chur ar fáil aici d’fheirmeoirí a bhí tosaithe ar an bhfeirmeoireacht idir an 1 Bealtaine 2006 agus an 31 Nollaig 2006 faoin Scéim Chúnaimh Suiteála a bhí ann roimhe seo, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfadh an t-iarratasóir riachtanais na Scéime sin agus;*

*(a) go gcuirfeadh sé/sí in iúl i scríbhinn go bhfuil iarratas á dhéanamh aige/aici ar an ráta níos airde (€15,000);*

*(b) go gcuirfeadh sé/sí Plean Gnó a bheadh críochnaithe go hiomlán isteach san fhormáid dá bhforáiltear sa Scéim Suiteála d’Fheirmeoirí Óga; agus*

*(c) go gcuirfeadh sé/sí fianaise ar fáil gur comhlíonadh dhá cheann de na roghanna forbartha a roghnaigh an t-iarratasóir laistigh de dhá bhliain ón dáta tosaithe.’*

Ba é a thuig an tOifigeach Achomharc ón bpreasráiteas sin, a tuairiscíodh sna nuachtáin fheirmeoireachta, go raibh ar na feirmeoirí sin a ‘thosaigh’ in 2006 iarratas a dhéanamh faoin sean-IAS. Dícheadaíodh an t-achomharc.

## Cás 7 Gneither den Scéim Luachála ar an bhFeirm nach mbaineann le Luachail

Measadh ainmhí a bheith neamhchonclúideach ó thaobh na heitinee (TB) tar éis tástála agus eisíodh Fógra Sriantha don Achomharcóir. Maraíodh an t-ainmhí faoin gcead go luath i mí Dheireadh Fómhair 2007 agus cuireadh lot a measadh gur TB é ar aghaidh le go ndéanfaí anailís saotharlainne air. Cuireadh in iúl don Oifig Tréidliachta Ceantair (DVO) an 18 Deireadh Fómhair 2007 go raibh an lot dearfach maidir le TB agus d'eisigh an DVO fógra faoi sin chuig an Achomharcóir tríd an bpost láithreach.

An 20 Deireadh Fómhair 2007, thóg an tAchomharcóir ainmhí amháin isteach nach raibh ina tharbh tréada nó ina lao diúil le haltramú. Ní dhearna an tAchomharcóir teagmháil leis an DVO sular bhog sé an t-ainmhí isteach, níor tugadh an t-ainmhí isteach faoi chead (ER37G), agus ní raibh teastas gluaiseachta CMMS i seilbh an Achomharcóra ná an díoltóra an tráth sin – rinne iarratas ar cheann ach coimeádadh é ag an DVO go dtí go ndéanfaí seiceálacha. An 23 Deireadh Fómhair 2007, dhearbhaigh an tAchomharcóir leis an DVO gur bogadh ainmhí isteach. Chuir an DVO in iúl don Achomharcóir gur sháraigh an ghluaiseacht rialacháin agus dhiúltaigh sé an Deontas Cruatain agus Forlíonadh Ioncaim le linn an tsriantha sin. Rinneadh achomharc ar an gcinneadh sin.

Dúirt an Fógra Sriantha a eisíodh i mí Mheán Fómhair 2007 go mbeadh an gabháltas sriantha go dtí go dtarraingeofaí siar é trí fhógra eile i scríbhinn ó Chigire Tréidliachta. Thaifid an t-oifigeach a d'eisigh an fógra *'go mbeadh cead ag teastáil ón úinéir tréada chun lao scoite agus tarbh a cheannach isteach le póru a dhéanamh'*. D'éiligh an fógra sriantha go gcinnteodh an duine a bhí ina chónaí i ngabháltas sriantha faoi láthair *'(1) nach mbogfaí ainmhí ar bith isteach sa ghabháltas nó amach as ach amháin faoi údarás chead gluaiseachta'*.

Níor lorg an tAchomharcóir cead ón DVO ainmhí a thabhairt isteach mar a d'éiligh an Fógra Sriantha. Sa chás go ndearnadh sin d'eiseofaí cead gluaiseachta ER37G agus mhíneodh oifigeach ón Roinn na torthaí a bheadh ag ceannach isteach. Deir cead ER37G in alt C – *'go dtiocfadh deireadh le híocaíocht nó le hincháilitheacht i leith Forlíonadh Ioncaim agus Deontais Chruatain don chuid eile den srianadh ón dáta a bhogfaí ainmhithe isteach sa tréad agus nach n-íocfaí Deontais Bhánaithe i ndáil le hainmhithe arna mbogadh isteach le linn na tréimhse sriantha (gan cead a bhainfeadh le tarbh tréada, lao diúil athsholáthair nó tréada nua-bhunaithe a bheith san áireamh)'*. Ba é an tuiscint a dúirt an tAchomharcóir a bhí aige ná go bhféadfaí ainmhí a thabhairt isteach ar an mbonn gur eisíodh an Fógra Sriantha de bharr ainmhí a rabhthas in amhras TB a bheith air. Bhí dhá shrianadh ar an tréad roimhe sin lenar bhain na sriantha céanna agus cháiligh an tAchomharcóir don deontas Cruatain agus fuair sé é i gceann amháin de na cásanna sin.

Thug an tOifigeach Achomharc ar aird go raibh fad ag teacht ar an tréimhse shriantha agus go raibh líon suntasach imoibreoirí ann. Mar sin féin, ghníomhaigh an tAchomharcóir in aghaidh théarmaí an Fhógra Shriantha trí ainmhí a thabhairt isteach gan chead. Ba ní sin a bhí faoi smacht iomlán an Achomharcóra féin agus chuir gníomhaíocht an Achomharcóra isteach ar mhíniúchán ar bith ar thorthaí cheannach isteach. Dícheadaíodh an t-achomharc.

### Cás 8 An Scéim um Chosaint na Timpeallachta faoin Tuath

Bhain an t-achomharc faoin Scéim um Chosaint an Chomhshaoil Tuaithe (REPS) 3 le rud a fuair an Roinn amach, eadhon go raibh ceantar coimíneachta a bhí laghdaithe go mór incháilithe le hÍocaíocht faoin scéim. Ar dtús, sa bhliain 2005, ceadáíodh ceantar conartha de 49.6 heicteár d'Íocaíocht REPS, lenar áiríodh 24.4 heicteár de thalamh Bheart A. Bhí 21.04 heicteár de choimíneacht éilithe san áireamh i dtalamh Cheantar A. Tar éis cigireacht iniúchta in 2007, mheas an Cigire Roinne nach raibh sa cheantar coimíneachta incháilithe ach 2.16 heicteár. Cuireadh in iúl don Achomharcóir go mbeadh aisghabháil i bhfeidhm ar 18.88 heicteár ag ráta de €242 in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana.

Bhí feirmeoireacht déanta ag an Achomharcóir ar an gcoimíneacht ar bhonn rialta ón mbliain 1979 agus bhí mionnscribhinn aige chun tacú leis an ráiteas sin. D'iarr an tAchomharcóir soiléiriú faoi incháilitheacht na coimíneachta ar REPS i rith chás roimhe sin a bhí faoi réir ag achomharc. Dúirt an tAchomharcóir go raibh sé ráite ag oifigeach de chuid na Roinne go raibh os cionn 40 heicteár talún incháilithe, agus bhí an tuiscint sin amhlaidh de bharr go raibh an talamh úsáidte ar feadh na 35 bliain roimh sin.

Thug an tOifigeach Achomharc Aguisín 3 ar leathanach 19 de Théarmaí agus Coinníollacha REPS 3, dar dáta 5 Feabhra 2004, ar aird, áit a bhfuil na saincheistanna a bhaineann le hIncháilitheacht Talún agus Talamh a Dhearbhu leagtha amach; *Is í freagracht an iarratasóra/na n-iarratasóirí an talamh go léir atá acu ó thaobh feirmeoireachta/úinéireachta/rialaithe agus an bealach ina bhfuil an talamh i seilb a dhearbhu. Comhlíontar an fhreagracht sin tríd an bpleanálaí/an ghníomhaireacht phleanála a chur ar an eolas maidir le mionsonraí na dtailte go léir atá faoi úinéireacht nó feirmeoireacht á déanamh ina leith... ní mór don phleanálaí scrúdú a dhéanamh ar theideal dlíthiúil an iarratasóra chun incháilitheacht na dtailte a fháil amach.*

Éilíodh sciar 1/3 den choimíneacht faoi úinéireacht arb ionann agus 21.04 heicteár é. Léirigh fóilió na talún cláraithe go raibh an tAchomharcóir cláraithe mar úinéir cláraithe thalamh príobháideach agus sciar coimíneachta arb ionann é agus 2.156 heicteár. B'ionann an ceantar coimíneachta a cuireadh isteach an chéad lá agus an ceantar coimíneachta iomlán de 21.40 heicteár agus bhí ceantar foraoiseachta i gceist leis freisin.

In achomharc a rinneadh roimhe seo faoi chonradh REPS eile fuarthas nach raibh ceart ag an Achomharcóir éileamh a dhéanamh ar níos mó ná 2.156 heicteár den choimíneacht sin agus ní raibh sé sin léirithe ag páirtí ar bith, lenar áiríodh an tAchomharcóir, an phleanálaí REPS agus na hoifigigh Roinne maidir le ceadú i leith Íocaíochta faoi REPS 3, cé go raibh na cúiseanna maidir le gan chead a thabhairt ach amháin don cheantar coimíneachta 2.156 heicteár comhchosúil.

Thug an tOifigeach Achomharc fóiliónna faoi úinéireacht páirtithe eile lenar áiríodh sciartha den choimíneacht sin ar aird, agus d'éiligh páirtí amháin sciar cláraithe den choimíneacht chéanna in iarratas scéime chuig an Roinn.

Dúirt Aguisín 3 de na Téarmaí agus Coinníollacha nach bhfuil sciartha coimíneachta/cearta féaraigh doiciméadaithe incháilithe d'Íocaíocht ach amháin sa chás go gcuirtear fianaise i scribhinn de theidlíocht ar chearta den sórt sin ar fáil, eadhon; Cláraithe ar fhóilió Chlárlann na Tuaithe, Ordú Dílseacháin ó Choimisiún na Talún, Cóip dheimhnithe de pháipéir eastáit ábhartha ó thaifid Choimisiún na Talún, Ceadú ó úinéir dlíthiúil na talún ruilse, Gníomhas Iontaobhais Féaraigh, Ceadú nó Gníomhas ón Tiarna Talún Eastáit bunaidh – in éineacht le mionsonraí mar a cuireadh ar aghaidh leis an iarratas ar Chúnamh Ceantair. I gcás cearta féaraigh\*\* teastaíonn mionnscribhinn a leagann an ceantar heicteáir/acraíochta maidir le teidlíocht chearta féaraigh amach, in éineacht le léarscáil shínithe (le liosta ainmneacha na sealbhóirí cearta eile san áireamh ann) a léiríonn teorainneacha an cheantair thuasluaite amach.

*Sainmhínítear cearta coimíneachta agus féaraigh faoin scéim; Ciallóidh coimíneacht a d'fhéadfadh a bheith incháilithe d'Íocaíocht tailte a bhíonn faoi úinéireacht choiteann á bhfuil Creatphlean na gCoimíneachtaí á ullmhú nó ullmhaithe dóibh. Ciallóidh 'Cearta Féaraigh' tailte a bhfuil teidlíochtaí féaraigh ag daoine ina leith.*

Dhícheadaigh an tOifigeach Achomharc an t-achomharc ar an mbunús nach mór incháilitheacht a mheas faoi na riachtanais a bhaineann le 'Sciartha Coimíneachta Doiciméadaithe' mar atá leagtha amach in Aguisín 3 de Théarmaí agus Coinníollacha REPS dar dáta 5 Feabhra 2004, agus de bharr nár chomhlíon an chuid sin den choimíneacht nach raibh san áireamh ar an bhfóilió cláraithe na riachtanais le go n-Íocfaí REPS 3 ina leith.

## Cás 9 An Scéim um Chosaint na Timpeallachta faoin Tuath

Chuaigh fear céile an Achomharcóra, nach maireann, i mbun rannpháirtíochta i REPS 2 le héifeacht ón 1 Márta 2004. Eisíodh íocaíocht i leith 4 bliain faoin scéim sin agus eisíodh íocaíocht na ceathrú bliana an 28 Bealtaine 2007. Fuair an Roinn amach ina dhiaidh sin go bhfuair an rannpháirtí REPS bás an 10 Bealtaine 2007 agus d'iarr an Roinn go n-aisíocfaí an chuid sin den íocaíocht ón dáta báis go dtí deireadh na ceathrú bliana in REPS. Mhaígh an Roinn go dtagann deireadh leis an gconradh ar bhás an duine ainmnithe sa chonradh, agus mar sin go gcaitear aon chúnamh ar íocadh i ndáil leis an tréimhse tar éis an bháis a aisíoc leis an Roinn.

Léirigh an tAchomharcóir bunús an achomhairc ag an éisteacht ó bhéal. Mhínigh sí gur bhásaigh a fear céile go tobann, agus go raibh sise ina comh-úinéir ar an talamh ó 1996 agus chuir sí litir óna Dlíodóir isteach chun é sin a dheimhniú. Ní raibh a fhios aici gur chóir di a bheith ina comh-iarratasóir faoi REPS chomh maith. Mhínigh sí gur chuir sí bás a fir chéile in iúl d'oifig áitiúil na Roinne agus don Aonad Íocaíochta Singil i mí Mheán Fómhair 2007 ach gur tugadh comhairle di fanacht go dtí 2008 chun mionsonraí a athrú lena chinntiú go n-eiseofaí íocaíochtaí 2007 gan fadhbanna. Dúirt sí leis go raibh tástáil tréada ann i mí Iúil 2007 agus go mbeadh a fhios ag na scrúdaitheoirí an tráth sin go raibh a fear chéile básaithe.

Agus an cas a mheas, tá ar an Oifigeach Achomharc féachaint do Rialacháin AE a rialaíonn an scéim mar atá leagtha amach i dTearmaí agus Coinníollacha na scéime mar a eisíodh do gach úinéir tréada nuair a thosaigh an scéim. Rud faoi leith a bhaineann leis an gcás seo ná an riachtanas *Sa chás go bhfaigheann iarratasóir bás laistigh de thréimhse an phlean, cuirfear 'Force Majeure' i bhfeidhm a chuirfidh deireadh leis an gconradh agus ní iarrfar aisíocaíocht chúnamh a bheidh íoctha cheana féin.*

Bhí an plean REPS 2 a cuireadh isteach i mí Feabhra 2004 in ainm fhear céile an Achomharcóra amháin. Níor thug sé le fios in áit ar bith go raibh an talamh faoi chomh-úinéireacht, rud a bhí ceart. Is é freagracht an iarratasóra é an talamh go léir atá faoi úinéireacht aige/aici a fhaisnéisiú, chomh maith leis an tslí ina bhfuil sé faoi úinéireacht. Comhlíontar an fhreagracht sin trí mhionsonraí na dtailte atá faoi úinéireacht dhuine amháin, nó i gcomhpháirtíocht le daoine eile, a chur ar fáil don phleanálaí. Sa chás seo, de bharr nár ainmníodh ach iarratasóir amháin, is leis an duine sin atá an conradh REPS. Dheimhnigh an Roinn gur iarr an tAchomharcóir i mí Eanáir 2008 go n-aistreofaí an uimhir thréada agus na teidlíochtaí ar Íocaíocht Shingil chuig a hainm. Ba chóir don Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia í a chur ar an eolas go raibh deireadh curtha leis an gconradh an tráth sin. Ina theannta sin, ba chóir dá pleanálaí, a d'ullmhaigh na doiciméid aistrithe, í a chur ar an eolas go raibh deireadh leis an gconradh REPS agus ba chóir dó/di plean nua a dhréachtadh.

Deir na Téarmaí agus Coinníollacha go dtagann deireadh leis an gconradh sa chás go bhfaigheann iarratasóir bás. Tháinig deireadh leis an gconradh seo an 10 Bealtaine 2007, mar sin. Níl aon íocaíocht a rinneadh tar éis an dáta sin bailí. Cé gur cúis aiféala é nár chuir an Roinn ná an pleanálaí in iúl don Achomharcóir níos luaithe go raibh deireadh tagtha leis an gconradh, ní athraíonn na fachtóirí sin gur tháinig deireadh leis an gconradh nuair a fuair an rannpháirtí bás agus mar sin níl aon airgead eile dlite bunaithe ar an gconradh sin. Dícheadaíodh an t-achomharc.

### Cás 10 An Scéim um Chosaint na Timpeallachta faoin Tuath (REPS 3)

Rinneadh an t-achomharc in aghaidh aisíocaíocht airgid a íocadh cheana féin faoi REPS, ar thalamh léasaithe a díoladh roimh dheireadh an chonartha REPS. Thosaigh plean (REPS) 3 na Scéime um Chaomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath de chuid an Achomharcóra an 1ú Feabhra 2006 le limistéar conartha de 44.79 heict. Chuir pleanálaí REPS in iúl don Roinn in Aibreán 2008 gur baineadh 6.57 heict de limistéar an chonartha den phlean ó tharla gur díoladh é. Lorg an Roinn aisghabháil airgid a íocadh cheana féin ar an talamh sin d'iomlán €2,362.25 faoi fhorálacha théarmaí agus choinníollacha na scéime.

Cuireadh isteach achomharc in aghaidh na haisghabhála ar na forais go raibh míthuiscint ann idir an tAchomharcóir agus an t-úinéir talún faoi shíniú an léasa. Shínigh an tAchomharcóir an léas ach i ngan fhios dó, ní raibh an léas sínithe ag an úinéir talún, cé go raibh aontú ó bhéal ann maidir leis an léas 5 bliain agus íocadh cíós ina leith. Dúirt an tAchomharcóir go raibh an t-úinéir talún scothaosta agus nár chuir an t-arnae in iúl dó riamh nár shínigh an t-úinéir talún an léas. Dúirt an tAchomharcóir go raibh airgead caite aige ag tabhairt na talún chuig caighdeán REPS agus nach mbeadh sé sin déanta aige dá gceapfadh sé go ndíolfá an talamh. Léirigh an t-úinéir talún dó go bhféadfadh sé an talamh seo a léasú chomh fada agus a bhí sé á iarraidh. Dúirt an tAchomharcóir gur íoc sé €1500 cíós ar feadh trí bliana, agus an uair deiridh ar íoc sé cuireadh in iúl dó go raibh an talamh díolta agus nach ligfí ar cíós leis é níos mó.

Thug an tOifigeach Achomhairc aird ar Théarmaí agus Choinníollacha na scéime, reachtaíocht ábhartha an Aontais Eorpaigh agus na himthosca a bhain leis an gcás. Ghlac an tOifigeach Achomhairc gur ghníomhaigh an tAchomharcóir le meon macánta nuair a lóisteáil sé plean REPS 3 agus mheas go mícheart go raibh conradh cúig bliana ar bun. Dhréachtaigh an tAchomharcóir léas, shínigh sé an léas, d'íoc sé cíós, agus sholáthair sé fianaise gur chaith sé €1700 ar fhálta a ghearradh, ag scaradh aoil agus ag deisiú sconsaí.

Sa phlean REPS 3 a lóisteáladh an 31 Eanáir 2006, rinneadh an píosa talún seo a thaifeadadh mar thalamh a bhí léasaithe ón úinéir go ceann cúig bliana ar a laghad ó dháta ceadaithe an phlean. Shínigh an tAchomharcóir an plean, agus dheimhnigh a phleanálaí é. Luann Alt 1, den dearbhú a shínigh an tAchomharcóir, (Tá an t-eolas a tugadh don pleanálaí agus a taifeadadh sa phlean ina theanna, ceart). Cé gur ghlac an tOifigeach Achomhairc leis gur cheap an tAchomharcóir go raibh an t-eolas a tugadh don phleanálaí ceart, níor athraigh sé an fhíríc nár shínigh an t-úinéir talún léas, agus dá bhrí sin bhí an t-eolas a tugadh mícheart. Shínigh an pleanálaí dearbhú, a deir *'Deimhním go gcomhlíonann an Plean Agraichomhshaoil atá leagtha amach anseo na ceanglais atá leagtha síos don REPS ar gach bealach'*, ach arís ó tharla nár shínigh an t-úinéir aon léas, tá sé seo mícheart. Baineadh an talamh ón gconradh i rith thréimhse an chonartha agus chruthaigh an tOifigeach Achomhairc nár lean an píosa talún seo ar aghaidh in aon phlean REPS mar nach raibh sé ar cíós ag an Achomharcóir níos mó.

Luann Téarmaí agus Coinníollacha REPS 3 16.2 a chlúdaíonn Laghdú ar an Limistéar, in alt 16.2.1 *'Nuair a laghdaítear an limistéar cáilithe a ndearnadh feirmeoireacht air, déanfar an íocaíocht bhliantúil a choigeartú más gá agus mar is cuí ag tús na chéad bhliana iomlán eile. Caithfear an cúnamh a aisíoc ag rátaí dá bhforáiltear in alt 16.5'*. Ní bhfuair an tOifigeach Achomhairc aon fhorais chun cinneadh na Roinne a chur ar ceal agus níor cheadaigh sé an t-achomharc.

### Cás 11 An Scéim um Chosaint na Timpeallachta faoin Tuath (REPS 3)

Bhain an t-achomharc faoin Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath (REPS) 3 le foirceannadh conartha REPS agus aisghabháil airgid a íocadh cheana féin, ó tharla gur mheas an Roinn go raibh cruthú bréige ann den ghabháltas chun na críche sochair faoin scéim a tharraingt anuas nó a uasmhéadú.

Léasaíodh an talamh mar thalamh sléibhe a fuarthas trí cheant poiblí, agus fuair deartháir an Achomharcóra an beart eile. Is aonad amháin a bhí ann roimhe sin, a léasaíodh mar aonad aonair mar chuid den Scéim Luathscoir (ERS) agus arna dearbhú ag an aistrí ERS i REPS. Mar achoimre, bhreithnigh an Roinn an cás faoi na fachtóirí seo a leanas:

- Sochar pleanáilte don chomhshaol: roghnaíodh dhá rogha bithéagsúlachta ach níor críochnaíodh ach ceann acu.
- Gníomhaíochtaí feirmeoireachta: fuarthas caoirigh ar thalamh eile, a thug ar aird an fhíríc nach aonad inmharthana a bhí ann.
- Inmharthanacht eacnamaíochta: Níor cuireadh aon chuntais feirmeoireachta ar fáil mar fhianaise ar inmharthanacht eacnamaíochta.
- Thug an Roinn ar aird go raibh neamhréireachtaí idir taifead REPS an Achomharcóra agus clár na gcaorach.

Mhínigh an tAchomharcóir go ndeachaigh an léas a bhí aige roimhe sin in éag; b'fheirmeoir caorach a bhí ann agus dheimhnigh sé teidlíochtaí. Bhí sé ina iar-rannpháirtí i REPS chomh maith agus dheimhnigh sé teidlíochtaí. Ghlac sé leis gur chóir dó an Roinn a chur ar an eolas nuair d'aistrigh sé caoirigh chuig talamh eile a bhí ligthe ar cíós go gearrthéarmach. Míníodh suíomh an sconsa teorann, a bhí difriúil ar an léarscáil léasa i gcomparáid leis an léarscáil REPS, mar earráid ar an léarscáil a fuair an Roinn. Fuarthas leagan ceart ó atur nae an Achomharcóra tar éis éisteacht ó bhéal.

Ó bhunachar sonraí na Roinne, deimhníodh go raibh uimhir tréid chláraithe ag an Achomharcóir, go raibh teidlíochtaí deimhnithe aige trí chomhdhlúthú agus cheannacháin agus go raibh sé páirteach i Scéim REPS roimhe seo, 2004 go dtí 2009.

Ghlac an tOifigeach Achomhairc go raibh an gabháltas deighilte in dhá chuid áfach, agus bhreithnigh sé/sí nach raibh gá don Achomharcóir, ná dá phleanálaí, a bheith ar an eolas faoi stair an ghabháltais ná an bhaint a bhí aige roimhe seo le Scéimeanna DAFF. Fuarthas cóip den fhógraíocht ón bpáipéar agus ráiteas ó na ceantálaithe a dheimhnigh gur ligeadh na tailte ar cíós mar dhá gabháltas dhifriúla de réir threoracha an tiarna talún.

Fuarthas cuntais chun gníomhaíocht feirmeoireachta an Achomharcóra a léiriú. Thug an tOifigeach Achomhairc ar aird go mb'fhéidir nach mbeadh fiontar feirme an Achomharcóra inmharthana go heacnamaíoch gan tacaíocht na ndéontas DAFF ach bhreithnigh sé/sí gur amhlaidh a bheadh an scéal ag go leor feirmeoirí caorach agus mairteola a dhéanann feirmeoireacht i gceantair chnoic/sléibhe.

D'fhoráil plean REPS do dhá rogha bithéagsúlachta, a mhol sochair don chomhshaol. Bhreithnigh an tOifigeach Achomhairc nár cúis sách maith a bhí san fhíríc nár críochnaíodh ach ceann acu d'fhoirceannadh an chonartha ó tharla go ndéanann na Téarmaí agus Coinníollacha foráil dó sin sa sceideal pionóis. (Féach Iarscríbhinn 1 de na Téarmaí agus na Coinníollacha). Chomh maith leis sin, breithníodh dá gcomhlíonfadh an tAchomharcóir an plean a lóisteáladh agus mura ndéanfaí ró-fhéarach/gan an iomarca féarach ar an talamh, d'fhabhrófaí sochair eile don chomhshaol chomh maith.

Maidir le himmharthanacht agus an gá atá ann talamh eile a fháil chun freastal ar thréimhse na n-uan, thug an tOifigeach Achomhairc ar aird gur fhreastail an clár REPS ar fheirmeoirí chun talamh a fháil ar cíós do ghearrthréimhsí ar an gcoinníoll go gcuirtear DAFF ar an eolas laistigh de 6 seachtaine ó fhaigheann siad an talamh sin.

Ceadaiódh an t-achomharc ó tharla gur mheas an tOifigeach Achomhairc nach raibh dóthain fianaise ann lena léiriú go raibh baint ag an Achomharcóir le deighilt an ghabháltais chun íocaíochtaí faoi REPS a uasmhéadú.



## Cás 12 An Scéim um Chosaint na Timpeallachta faoin Tuath (REPS 3)

Thosaigh an tAchomharcóir a rannpháirtíocht i REPS 3 le héifeacht ón 1 Aibreán 2004 maidir le 50.96 heicteár talún. I bplean leasaithe a cuireadh faoi bhráid na Roinne i Meitheamh 2008, dúirt sé go bhfuair sé réidh le hathfheirm agus gur cheannaigh sé talamh eile le cur in ionad an talaimh a dhíol sé. Ar bhonn an eolais sin, chuir an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia in iúl dó go raibh aisghabháil airgid dlite bunaithe ar laghdú an achair chonartha. Lorg an tAchomharcóir éisteacht ó bhéal dá achomharc.

Dúirt an tAchomharcóir gur tháinig deis uathúil chun cinn chun talamh a cheannach a bhí níos gaire dá fheirm baile agus go raibh sé riachtanach athfheirm a dhíol chun an ceannachán a mhaoiniú. Phléigh an tAchomharcóir na saincheisteanna lena mbaineann lena phleanálaí REPS, agus bhí sé ag súil go rachadh an ceannaitheoir talaimh isteach i REPS. Níorbh fhéidir é sin a dhéanamh, áfach, ó tharla go raibh an ceannaitheoir ag fáil talamh breise agus ní bheadh sé ar a chumas páirt a ghlacadh i REPS go dtí 2009. Dúirt an tAchomharcóir gur cháiligh sé d'Fhaoiseamh Dleachta Stampa do Chomhdhlúthú Feirme ó na Coimisinéirí Ioncaim agus chuir sé chun cinn gur chóir é sin a bhreithniú faoi REPS chomh maith.

Agus an t-achomharc á bhreithniú, tá sé de cheanglas ar an Oifigeach Achomhairc aird a thabhairt ar Rialacháin an AE a rialaíonn an scéim mar atá leagtha amach sna Téarmaí agus Coinníollacha a eistear chuig gach úinéir tréada ag tús na scéime. Gné áirithe a bhaineann leis an gcás seo ná an riachtanas atá ann maidir le diúscairt na talún chonartha. Té sé seo leagtha amach in Alt 16.2.1 de na Téarmaí agus Coinníollacha; *'Nuair a laghdaítear an limistéar incháilithe a ndearnadh feirmeoireacht air, déanfar an íocaíocht bhliantúil a choigeartú más gá agus mar is cuí ag tús an chéad bhliain iomlán eile. Caithfear an cúnamh a aisíoc ag rátaí dá bhforáiltear in alt 16.5'.* Luann Alt 16.5 *'Má bhíonn gá le haisíoc, beidh sé ag an ráta €175 in aghaidh an heicteáir de thalamh neamh-sprioctha ...'*

Faoi théarmaí REPS 3, déanann feirmeoirí, mar chuid dá gcomhaontú leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, feirmeoireacht ar na tailte (cibé an bhfuil an talamh sin faoi úinéireacht, léasaithe, ar cíos nó úsáidithe) de réir Théarmaí agus Choinníollacha na scéime, a p(h)lean agrai-chomhshaoil agus ceanglais Lámhleabhar an Fheirmeora REPS 3. Chuir an tAchomharcóir 50.96 heicteár talún san áireamh ina phlean REPS agus rinne sé feirmeoireacht air ar feadh bliana ó 1/4/2004. Chuir sé isteach gur tháinig cás ar leith chun cinn ina raibh deis aige talamh a cheannach gar dá fheirm bhaile agus mar gheall air sin b'éigean talamh eile faoi úinéireacht a dhíol. Cé gur ghlac an tOifigeach Achomhairc leis go raibh sin fíor, chuaigh an tAchomharcóir i gcomhairle lena phleanálaí REPS agus bhí sé ar an eolas maidir le Téarmaí agus Coinníollacha na scéime a ndeachaigh sé ina bhun. Bhí sé ar an eolas go raibh sé riachtanach an talamh a dhíol le 'iarratasóir REPS atá ann cheana féin' ionas nach dtiocfadh cúiteamh airgid a íocadh cheana féin faoi REPS i bhfeidhm. Mar úinéir ar an talamh, breithnítear aon chinneadh díolacháin mar chinneadh pearsanta, deonach, a rinneadh faoi lán eolas mar iarratasóir REPS. Chuir an phleanálaí REPS isteach gur cháiligh an tAchomharcóir d'Fhaoiseamh Dleachta Stampa do Chomhdhlúthú Feirme arna riaradh ag na Coimisinéirí Ioncaim agus gur chóir go mbeadh sé seo i bhfeidhm i REPS chomh maith. Ó tharla nach bhfuil aon fhoráil faoi REPS d'fhaoiseamh den sórt sin, cuireadh cosc ar an Oifigeach Achomhairc díolúine den sórt céanna a chur i bhfeidhm. Chuir an tAchomharcóir isteach go bhfuair an talamh a diúscaíodh íocaíocht ag ráta laghdaithe ó tharla go raibh sé os cionn na 40 heicteár ag a ndéantar an íocaíocht uasta. Luann Téarmaí agus Coinníollacha na scéime go soiléir, áfach, na rialacha faoina ndéantar airgead a fhorchúiteamh, is é sin, mar atá sonraithe le Alt 16.5 mar atá léirithe thuas. Díchadaíodh an t-achomharc.



### Cás 13 An Scéim um Chosaint na Timpeallachta faoin Tuath

Bhain an t-achomharc le cinneadh na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia dhá phionós 10% a fhorchur faoi REPS mar thoradh ar fhionnachtana cigireachta ar an bhfeirm do (a) teip ó thaobh an méid riachtanach aoil a scaipeadh faoi dheireadh an 2ú bliain den chonradh REPS agus (b) gan cothabháil a dhéanamh ar bhallaí cloiche mar atá léirithe sa phlean.

Ba é an 1 Feabhra 2006 dáta tosaithe conartha REPS 3 an Achomharcóra. Rinne an Roinn cigireacht iniúchta ar an bhfeirm an 18 Márta 2008 agus forchuireadh pionóis tar éis scrúdú mionsonraithe.

Sna forais achomhairc, léirigh an pleanálaí REPS na deacrachtaí a bhain le haol a ordú agus conraitheoir a fháil chun an t-aol a scaipeadh, i dteannta coinníollacha aimsire mí-oiriúnacha (agus ansin am mí-chuí ó thaobh scaipeadh i rith an tséasúir féaraigh. Mar thoradh air sin, ní raibh an tAchomharcóir in ann an t-aol a scaipeadh mar is gá. Léirigh an pleanálaí chomh maith earráid sa phlean REPS maidir le hachar bhalla cloiche a chothabháil, agus mar thoradh air sin níor atógadh achar dóthanach de bhallaí cloiche.

Ghlac an tOifigeach Achomhairc san áireamh rialacháin an AE a rialaíonn an scéim mar atá leagtha amach i sonraíocht na scéime. Luann Alt 27 de Théarmaí agus Coinníollacha am Doiciméid REPS, arna dhátú an 5 Feabhra 2004, *‘Beidh sé de fhreagracht ar an iarratasóir é féin/í féin a chur ar an eolas faoi a p(h)lean agrai-chomhshaoil, faoi Lámhleabhar an Fheirmeora REPS agus faoi Théarmaí agus Coinníollacha na scéime agus faoi na hiarmhairtí maidir le sárúithe na scéime’*. Agus é ag déanamh a iarratais lena chur isteach sa Scéim REPS, shínigh an tAchomharcóir dearbhú a luaigh ag alt (ii) *‘Léigh mé agus chomhaontaigh mé a bheith faoi cheangal ag Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime um Chaomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath’* agus ag alt (iv) *‘Geallaim leis seo mo chuid gníomhaíochta feirmeoireachta a dhéanamh de réir an phlean agrai-chomhshaoil agus de réir Shonraíochtaí agrai-chomhshaoil na Roinne’*. Dá bhrí sin d’aontaigh sé é féin a chur ar an eolas faoin bPlean REPS agus feirmeoireacht a dhéanamh de réir na sonraíochtaí a leagadh síos sa phlean sin.

Luann an plean REPS go soiléir gur theastaigh 73.97 tonna aoil a scaipeadh roimh dheireadh an 2ú bliain. Tháinig an tOifigeach Achomhairc trasna ar shaincheistean le soláthróirí agus le conraitheoirí nó le coinníollacha aimsire a bheith mar chúiseanna neamhghlactha maidir le gan ceanglais an phlean REPS a chomhlíonadh. Thug an tOifigeach Achomhairc ar aird go raibh 2 bhliain ag an Achomharcóir na ceanglais a chomhlíonadh agus nuair a bhíonn deacrachtaí i gceist ó thaobh na gceanglas sin a bhaint amach ba chóir dul i gcomhairle leis an Roinn chun na roghanna a chinneadh.

Maidir le cothabháil na mballaí cloiche, luann an plean REPS go soiléir go raibh 372m de bhalla cloiche i bplásan 3 agus 150m i bplásan 6 le deisiú/le hatógáil de réir sonraíochta i mbliain 2. Thuairiscigh an Cigire Roinne nach ndearnadh é sin. Má bhí earráid i bplean REPS an Achomharcóra, ba chóir é a aithint laistigh den 2 bhliain agus a bheith leasaithe dá réir sin, roimh aon chigireacht de chuid na Roinne. Bhreithnigh an tOifigeach Achomhairc gur chóir go ndéanfaí na hoibreacha. Dícheadaíodh an t-achomharc.

#### Cás 14 An Scéim um Chosaint na Timpeallachta faoin Tuath

Rinne an tAchomharcóir iarratas ar REPS 3 i Meitheamh 2006. Rinneadh cigireacht ar an bhfeirm go luath i mí na Samhna 2007. Mar chuid den iniúchadh, scrúdadh bileoga taifeadta don bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2007 agus tugadh neamhchomhlíonadh ar aird. Sháraigh an fosfar ceimiceach a scaipeadh, na teorainneacha pleanáilte de níos mó ná 10%. Léiríodh pionós de 50%. Léirigh an pleanálaí REPS gur tuairiscíodh anailís ithreach an 28ú Meitheamh 2006; tugadh moltaí leasacháin don Achomharcóir an 29 Márta 2007 agus ceannaíodh an leasachán sin an 11 Aibreán 2007. Ba é tátal an phleanálaí ná gur críochnaíodh na bileoga taifeadta don bhliain dár chríoch 30 Meán Fómhair 2007 bunaithe ar na moltaí leasacháin a tugadh i rith na bliana agus bunaíodh iad seo bunaithe ar thuairisc na hanailíse ithreach. Cuireadh plean leasaithe isteach ansin le foirm an REPS3 1C ag an dáta chothrom bliana.

Tionóladh éisteacht ó bhéal. Míníodh go ndearnadh iniúchadh ar bhliain 1 den phlean; an plean iomchuí a lóisteáladh i Meitheamh 2006. Le linn scrúdaithe, thaispeáin na bileoga taifeadta gurbh é iomlán an fhosfair cheimicigh a úsáideadh ná 295kg a bhí difriúil ón méid a pleanáladh (0kg). Cuireadh pionós i bhfeidhm. Fuarthas plean leasaithe ag an dáta chothrom bliana a rinne tagairt do theorainn cheimiceach P de 527kg. Chomh fada agus a bhain sé leis an gcigire scrúdaithe, ní raibh sé ábhartha don chigireacht.

Luaigh tráchttaireacht an phleanálaí gur ghlac an plean bunaidh a lóisteáladh innéacs de 3. Theastaigh moltaí nua ó thorthaí anailíse ithreach ina dhiaidh sin lenar ceannaíodh leasachán de réir an togra sin. Cuireadh plean leasaithe isteach ansin le foirm an dara bliain 1C ag an dáta chothrom bliana eile ag leagan béim ar na teorainneacha nua fosfair. Ba é tuairim na Roinne ná gurbh é an plean ar láimh an plean ábhartha chun cigireacht a dhéanamh air. Ba é tuairim an phleanálaí ná gurbh é an cleachtas teicniúil agus agraamaíoch is fearr ná an t-eolas a fháil laistigh de achar gearr ama agus na mionsonraí a chur isteach le 1C an dara bliain in éineacht le plean leasaithe. Ba ceist léirmhínte a bhí ann. Léiríodh gur cuireadh an tAchomharcóir ar an eolas, ar a iarratas féin, an 29 Márta 2007 faoi na ceanglais don bhliain agus ceannaíodh leasachán in Aibreán. B'éigean a chinneadh cibé an raibh éifeacht cúlghabhálach ag an bplean leasaithe a cuireadh ar aghaidh le foirm 1C ar pharaiméadair na comhchoda bainistithe cothaithe den phlean REPS. Cé go raibh sé gan cheistiú go raibh na teorainneacha P a bhí sa phlean bunaidh níos lú ná an méid P ceimiceach a scaipeadh ina dhiaidh sin is ann i gcónaí do cheist maidir le hábharthacht an phlean leasaithe.

Dhéileáil forálacha na gcioclán éagsúil a d'eisigh an Roinn le linn an REPS2/3 le mionathrú ar phleananna a d'eascair as torthaí na hanailíse ithreach. Luaigh Ciorclán 17/04 na ceanglais d'ullmhú agus do chur isteach pleananna a ghlacann innéacs 3 ar an gcoinníoll go dtógfar samplaí ithreach chomh luath agus is féidir agus go gcuirfear buntorthaí na hanailíse ithreach chomh maith le plean REPS leasaithe (más gá) ar aghaidh le REPS 1C an dara bliain. Thagair Circular 13/02 do na coinníollacha nuair a theastaíonn leasuithe ó phleananna, mar shampla, athrú sa phlean bainistithe cothaithe (tuairiscí nua tástála ithreach). Tagraíonn sé chomh maith don fhíríc nuair a leasaítear plean, tá sé riachtanach cúis a thabhairt ar an leasú agus aon doiciméid iomchuí a chur san áireamh m.sh tuairiscí tástála ithreach. Tagraíodh chomh maith don cheanglas gur chóir fógra a thabhairt don Roinn laistigh de 6 seachtaine ar aon athrú ar an bplean agus an plean leasaithe a chur isteach ag an am céanna leis an REPS 1C ar an gcoinníoll go gcuirtear 1C ar aghaidh in am agus gan pionós.

Ardaíodh ionchas go bhféadfaí na torthaí ithreach a chur ar aghaidh le foirm 1C agus plean leasaithe ag an dáta chothrom bliana. Ceannaíodh leasachán tar éis torthaí na hanailíse ithreach a bheith ar fáil. Tá ceanglas na pleananna leasaithe a chur isteach laistigh de chreat ama; d'ainneoin go bhfuil an ceanglas sin oscailte do roinnt léirmhínte nuair a léitear é i gcomhar le forálacha an chiorcláin 17/04. Ghníomhaigh an pleanálaí ag teacht leis an nós imeachta riaracháin caighdeán a leagadh síos. Ghníomhaigh an tAchomharcóir go réasúnach ó thaobh threoir an phleanálaí a leanúint. Cheadaigh an plean leasaithe go soiléir do 527kg de nítrigin cheimiceach. Níor scaipeadh ach 295kg. Dá bhrí sin, níor sáraíodh an teorainn agus ní fhéadfaí aon pionós a chur i bhfeidhm.

Ba é cinneadh an Oifigigh Achomhairc ná gur tháinig ionchas chun cinn ón gcioclán chun plean leasaithe (+ toradh ithreach cothrom le dáta) a chur isteach leis an bhfoirm 1C. Ceadaíodh an t-achomharc.

## Cás 15 Scéime Íocaíochta Aonair

Rinneadh cigireacht tras-chomhlíonta de chuid na Scéime Íocaíochta Aonair (SPS) ar fheirm an Achomharcóra i Nollaig 2007. Forchuireadh pionós 5% ar a íocaíocht SPS de bharr neamhchomhlíonadh Cheanglas Bainistithe Reachtúil 4 (SMR 4) Níotráití: os cionn 20% de limistéar iomlán an Achomharcóra dearbhaithe faoi ghránaigh in 2007 agus nach raibh aon chlúdach glas ann tar éis luibhicíd neamhroghnaitheach a úsáid. Cuidíonn ‘chlúdach glas’ le caillteanais níotráite ón ithir a fósaghdú trí láisteadh.

Ba iad forais achomhairc an Achomharcóra ná gur cuireadh comhairle air gliofosáit a úsáid (luibhicíd neamhroghnaitheach) tar éis fómhair ar roinnt gort a bhí innmhíolaithe le féar gaoil. Shaothraigh sé na goirt 10 lá ina dhiaidh sin chun clúdach glas a bhunú chun críocha tras-chomhlíonta. Lean sé an chomhairle sin ach de bharr na haimsire tirime i rith mhí Dheireadh Fómhair 2007, níor phéac aon síolta fiaile nó gránaigh tar éis an tsaothraithe.

I rith an phróisis achomhairc, d’imlínigh an Roinn gur tháinig na Rialacháin Níotráití i bhfeidhm an 1 Feabhra 2006. Bhíodhas ag súil go gcomhlíonfadh gach feirmeoir na rialacháin ón dáta sin. Léiríonn taifid lotnaidicídí an Achomharcóra gur spreádh gliofosáit ar na goirt i nDeireadh Fómhair. Dheimhnigh an tOifigeach Imscrúdaithe go ndearna an tAchomharcóir saothruithe éadroma ina dhiaidh sin ach nach raibh aon fhianaise ann gur tháinig clúdach glas chun cinn. Thagair an Roinn don alt sonrach de na Rialacháin Níotráití a dhéileálann leis an gceanglas faoi chlúdach glas: *‘Nuair a chuirtear luibhicíd neamhroghnaitheach ar thalamh curaíochta nó ar thalamh féarach sa tréimhse idir 1 Iúil agus 15 Eanáir déanfar na bearta is gá chun soláthar a dhéanamh do theacht chun cinn chlúdach glas laistigh de 6 seachtaine den fhoirm iarratais ó bharr síolchurtha nó ó athghiniúint nádúrtha. Ní raibh aon chlúdach glas le feiceáil sna goirt ar lá na cigireachta, a bhí níos mó ná 6 seachtaine tar éis luibhicíd neamhroghnaitheach a bheith curtha orthu.*

Ba é tuiscint an Oifigigh Achomhairc ná go raibh go leor fachtóirí ag cur isteach ar phéacadh síolta fiaile/gránaigh deonacha i ngoirt churaíochta a bhí cóireáilte le luibhicíd neamhroghnaitheach tar éis fómhair agus ansin saothraithe go héadrom. Áiríodh orthu taise na hithreach, teocht agus suanacht shíolta. Cé gur féidir brath ar athghiniúint nádúrtha go hiondúil, ní modh deimhnithe a bhí ann chun clúdach glas a dheimhniú.

Ghlac an tOifigeach Achomhairc leis go mb’fhéidir nár chabhraigh an aimsir i rith mhí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna i 2007 le fás an chlúdaigh ghlas trí athghiniúint nádúrtha fiaile agus gránaigh deonacha. Faoi na Rialacháin Níotráití áfach bhí freagracht ar gach feirmeoir na bearta is gá a ghlacadh lena chinntiú go mbeadh clúdach glas bunaithe laistigh de 6 seachtaine den iarratas ar luibhicíd neamhroghnaitheach. Ba é tuairim an Oifigigh Achomhairc ná gur thug na rialacháin le tuiscint gur chóir d’fheirmeoirí a sheiceáil ar tharla an próiseas athghiniúna nádúrtha i.e. péacadh fiailí agus gránach deonach, go gairid tar éis na coinligh a shaothrú. Má theip ar an bpróiseas athghiniúna nádúrtha seo, ba chóir don fheirmeoir an cinneadh riachtanach a dhéanamh chun barr chlúdach glas a bhunú, chun na rialacháin a chomhlíonadh. Dícheadaíodh an t-achomharc.

## **Cás 15 Scéime Íocaíochta Aonair**

In 2007, dheimhnigh an t-iarratasóir limistéar de 89.17heict. ina iarratas ar an Scéim Íocaíochta Aonair. Agus í i mbun cigireachta tras-chomhlíonta fuair an Roinn limistéar incháilithe de 65.07heict. Tharla an difríocht idir an t-achar a deimhníodh agus an limistéar incháilithe a fuair an Roinn de bharr gur diúltaíodh trí phíosa talún ar an mbunús nár cothabháladh iad i ndea-choinníoll comhshaoil agus talmhaíochta (GAEC), ní raibh rochtain orthu, ní raibh siad fálaithe i gceart agus ní dhearna an tAchomharcóir bainistiú orthu. Dá bharr sin, cuireadh pionós ró-fhógartha i bhfeidhm de réir na dTearmaí agus Coinníollacha. Ó tharla go raibh an ró-fhógairt os cionn 20% ba é an pionós a gearradh ná íocaíocht SPS do 2007 a chailleadh.

Dúirt an tAchomharcóir gur thóg sé an talamh ar cíos de mheon macánta chun a chuid teidlíochtaí a uasmhéadú. Dúirt sé go ndearna sé bainistiú ar na píosaí talún trí chuairt a thabhairt orthu corruair le linn na bliana tagartha. Ghlac sé leis nach raibh aon ainmhithe dá chuid féin aige ar na píosaí talún ach dúirt sé go ndearnadh cothabháil orthu i GAEC ó tharla go raibh siad ar féarach ag ainmhithe faoi úinéireacht feirmeoirí eile. Ghlac sé leis nach raibh na plásáin fálaithe i gceart.

Agus an t-achomharc á bhreithniú, tá sé de cheanglas ar an Oifigeach Achomhairc aird a bheith aige/aici ar Rialacháin an AE a rialaíonn an scéim mar atá leagtha síos sna Téarmaí agus Coinníollacha a eisítear chuig rannpháirtithe na scéime. Le haird ar leith ar an gcás seo, forálann Téarmaí agus Coinníollacha SPS mar seo a leanas:

Sainmhíníonn Caibidil 16 heicteár cáilithe *‘talamh a úsáidtear chun gránaigh a fhás, síolta ola, othlú gearr fáschoille, miscanthus sinensis, barra próitéine, biatas siúcra, grán buí, farae, biatas, tornapaí, meaingil, cáil, féar le haghaidh sadhlais nó féar tirim nó féarach. I gcás gach heicteár deimhnithe, ní bhíonn aon limistéar faoi fhoirgnimh, chlóis feirme, coillte, aibhneacha, sruthanna; locháin,; cosáin; bóithre feirme; limistéir le carraigeacha loma; scrobarnach thiubh nó portaigh atá mí-oiriúnach le haghaidh féaraigh’.*

Forálann sé chomh maith *‘caithfear gach limistéar foráiste a bheith fálaithe i gceart’*

Sainmhíníonn Caibidil 23 gabháltas mar *‘na haonaid tairgíochta ar fad laistigh de chríoch an Stáit arna bhainistiú ag feirmeoir’.*

Sainmhínítear gníomhaíocht talmhaíochta mar *‘táirgeadh, tógáil nó fás táirgí talmhaíochta lena n-áirítear fómhar, bleán, póru ainmhithe agus ainmhithe a choinneáil do chríocha feirmeoireachta nó talamh a choinneáil i ndea-choinníoll talmhaíochta agus comhshaoil.*

Forálann Caibidil 25 *‘faoi cheanglais Tras-Chomhlíonta, caithfidh feirmeoir a fhaigheann íocaíochtaí dhíreacha, lena n-áirítear SPS, DAS srl., aird a thabhairt ar na ceanglais bhainistithe reachtúla éagsúla atá leagtha síos i reachtaíocht an AE (Trearacha agus tRialacháin) maidir leis an gcomhshaoil, sábháilteacht bia, sláinte agus leas ainmhithe, agus sláinte plandaí agus caithfidh sé/sí an fheirm a choinneáil i ndea-choinníollacha talmhaíochta agus comhshaoil (GAEC)’.*

Thaispeáin tuairisc ar an gcigireacht a rinne an Roinn nach raibh rochtain ar na píosaí talún atá i gceist ó tharla nach raibh rochtain dhíreach acu. Fuarthas go raibh formhór an limistéir a ndearnadh cigireacht air a bheith mí-oiriúnach d’fhéarach ó tharla go raibh sé clúdaithe le bolláin agus scrobarnach a bhí an-chontúirteach i roinnt áiteanna. I gcuid de na píosaí talún, níorbh fhéidir an limistéar a bhí ar cíos ag an Achomharcóir a aithint de bharr nach raibh aon teorainneacha sainmhínithe ó tharla nach raibh na plásáin fálaithe ach bhí siad oscailte amach i limistéir choimín. Ghlac an tAchomharcóir leis nach raibh a chuid ainmhithe féin ar féarach ar an talamh ach dúirt sé go raibh ainmhithe eile ar féarach ar an talamh agus gur chóir go mbeadh sé seo leordhóthanach chun ceanglas an GAEC a chomhlíonadh. Fuair an tOifigeach Achomhairc amach, áfach, gur thacaigh an rochtain a bhí ag ainmhithe feirmeora eile ar na plásáin leis an toradh nach raibh na plásáin fálaithe i gceart. Chomh maith leis sin, ní raibh rochtain dhíreach ar na plásáin agus níor cothabháladh an talamh i GAEC. Dícheadaíodh an t-achomharc.

## **7. Moltaí don Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia de dhroin na gCásanna Achomhairc.**

### **Ginearálta**

- De bharr saincheistean maidir le neamh-fhógairt ghluaiseacht ainmhithe a tháinig aníos arís agus arís eile, molann An Oifig Achomhairc Talmhaíochta gur chóir don Roinn breithniú a dhéanamh ar shaincheist an fhógra chealaithe cead gluaisceachta nuair a bhíonn tréimhse bailí an cheada gluaisceachta agus an 7 lá reachtúil chun fógra a thabhairt don bhunachar sonraí caite. Nuair a dhéantar an ghluaiseacht agus mura dtugtar fógra laistigh den 7 lá riachtanach ba chóir go mbeadh ról ag an DVO i réiteach na ngluaisceachtaí seo. Dhéanadh sé sin ceanglais reachtúla an chórais fhógairt gluaisceachta a dhaingniú agus chuirfeadh sé i gcuimhne dóibh siúd a bhí fágtha ar lár, an duillín gluaisceachta a chur sa phost. Chomh maith leis sin, ó tharla nach n-eiseofaí fógra cealaithe ach nuair a bhíonn neamh-aischur i gceist, bheadh na huimhreacha riachtanacha íseal.
- Ba chóir go luafaí ar gach cead gluaisceachta CMMS cad é an creat ama maidir leis an cead críochnaithe a sheoladh ar ais tar éis ghluaiseacht na n-ainmhithe.
- Nuair atá laonna á gclárú le linn srian tréada, déantar na pasanna nua a sheoladh díreach chuig an oifig Roinne áitiúil. I gcásanna den sórt sin, ba chóir go gcuirfí an t-úinéir tréada ar an eolas gur eisíodh na pasanna lena chinntiú gur críochnaíodh an próiseas cláraithe.
- Ba chóir go n-eiseofaí an leabhrán eolas ERAD “Compensation Arrangements for TB and Brucellosis – Important Information for Farmers” leis an bhfógra cláraithe.

### **REPS**

- Ba chóir don Roinn, i bhfianaise na n-iarmhairtí diana agus anabáí a thagann chun cinn nuair a fhaigheann rannpháirtí de chuid REPS bás laistigh den chonradh, scrúdú a dhéanamh an bhféadfaí conradh REPS a athshannadh, faoi réir cheanglais dlí.
- Ag teacht le polasaí an Rialtas go ginearálta, ba chóir don Roinn aird a dhíriú ar athbhreithniú a dhéanamh ar an ráta aisghabhála i REPS nuair a cheannaítear agus nuair a dhíoltar talamh chun críocha an ghabhála a chomhdhlúthú, go háirithe nuair a thugtar Faoiseamh Dleachta Stampa ioncaim.
- Chun críocha REPS, ba chóir don Roinn briseadh síos ar ainmhithe de réir chatagóir aoise a chur ar fáil d’fheirmeoirí faoi dheireadh na míosa cibé tríd an gcóras ar-líne nó i bhformáid pháipéir.

### **Scéim na hAoniocaíochta**

- Go ndéanadh an Roinn imscrúdú ar fhad a chur leis na tréimhsí d’iarratais dhéanacha ar an Scéim Íocaíochta Aonair do 50 lá oibre faoi réir pionós.
- Go ndéanadh an Roinn imscrúdú an bhféadfaí córas aitheantais bunachair sonraí a chur i bhfeidhm maidir le hiarratais na Scéime Íocaíochta Aonair a fháil. Go n-eiseofaí fógra meabhrúcháin laistigh den tréimhse d’iarratais dhéanacha nuair nach mbíonn an fhoirm réamhphriontáilte seolta ar ais roimh an dáta deiridh. Aithníonn An Oifig Achomhairc Talmhaíochta go n-eisítear admhálacha den sórt sin chuig gach iarratasóir ar-líne.

## 8. Earráidí a dhéanann iarratasóirí go minic faoi na Scéimeanna a mbíonn pionós dádtoradh.

### Ginearálta

- Iarratasóirí nach gcinntíonn go bhfuil Téarmaí agus Coinníollacha na scéime atá ábhartha dá n-iarratas léite agus scrúdaithe acu, i.e. caithfidh siad a bheith ar an eolas faoi leaganacha leasaithe agus leaganacha nua den scéim.
- Feirmeoirí nach gcoinníonn taifead ar gach teagmháil leis an Roinn, agus nach n-iarrann ainm an duine a labhraíonn siad leis. Nuair is féidir ba chóir d'fheirmeoirí dearbhú scríofa nó leictreonach den ábhar a pléadh a iarraidh. Ar an tslí chéanna, ba chóir go mbeadh aon chomhfhreagras atá le postáil a phostáil trí phost cláraithe agus ba chóir don fheirmeoir cóipcháipéis a choinneáil.

### REPS

- Feirmeoirí REPS nach gcoinníonn an Roinn cothrom le dáta maidir le hathruithe ar ghníomhaíochtaí feirmeoireachta agus tailte a ndearnadh feirmeoireacht orthu agus iad ag imeacht ó na cinn ina bplean REPS.
- Ba chóir d'fheirmeoirí REPS a chinntiú go ndéanfar aon leasuithe ar phleananna, go háirithe rátaí feidhmithe leasacháin ceimiceach, a léiriú ina gcleachtas feirmeoireachta.
- Agus díol nó léasú talaimh atá mar chuid de chonradh REPS á mbreithniú, ba chóir d'fheirmeoirí dul i gcomhairle lena bpleanálaí REPS nó leis an Roinn roimh aon diúscairt den sórt sin chun aisghabháil airgid REPS a d'fhéadfadh a bheith ann a scrúdú, nuair mar shampla más le feirmeoir nach bhfuil i REPS a dhéantar an díol.
- Iarratasóirí nach gcinntíonn go bhfuil gach plásán/píosa talún a ndearnadh feirmeoireacht air san áireamh ina n-iarratas ar an Scéim Íocaíochta, agus nach gcinntíonn go bhfuil na plásáin/píosaí talún nach ndéantar feirmeoireacht air níos mó scríosta amach trí líne a tharraingt tríothú. Ba chóir d'iarratasóirí a n-iarratas ar an Scéim Íocaíochta Aonair a sheiceáil faoi dhó sula gcuireann siad ar aghaidh é lena chinntiú nach ndearbhaítear ach an t-eolas is cothroime le dáta.
- Is í taithí na hOifige Achomhairc Talmhaíochta ná go mbaineann go leor pionós le gníomhaíochtaí REPS nach mbíonn déanta laistigh den chreat ama pleanáilte – go háirithe scaipeadh aoil, fála sceach a ghearradh nó a phlandáil, ballaí cloiche a chothabháil, sruthchúrsaí agus toibreacha a fhálú, botháin feirme a phéinteáil, an fheirm agus clós a feirme a shlachtú, teorainneacha profaithe-stoic agus tithíocht ainmhithe a sholáthar agus cúrsaí bainteacha.
- Rannpháirtithe REPS nach sheolann ar ais an REPS 1C – iarratas bliantúil le haghaidh íocaíochta in am.

### Scéim Íocaíochta Aonair


- Ba chóir d'iarratasóirí ar an Scéim Íocaíochta Aonair a bhfuil níos mó teidlíochtaí ná heicteáir de thalamh incháilithe acu, a gcuid roghanna a scrúdú do na teidlíochtaí barrachais ar nós léasú, díol nó comhdhlúthú nuair atá sé mar rogha, roimh dhátaí deiridh na scéime nó na gníomhaíochta atá le fáil ón Roinn.
- Chun pionóis tras-chomhlíonta a sheachaint ba chóir d'iarratasóirí SPS a bhfuil eallaigh acu:
  - (a) a chinntiú go bhfuil na heallaigh ar fad clibeáilte go cuí
  - (b) na hainmhithe sa tréad a chros-seiceáil go rialta leis na hainmhithe liostáilte ar phróifíl tréada CMMS arna eisiúint ag an Roinn
  - (c) aon neamhréireachtaí idir próifíl tréada an CMMS agus na heallaigh ar an bhfeirm a chur ina cheart láithreach; ainmhithe a bhaint nó a chur lena bpróifíl tréada
  - (d) a chinntiú go mbíonn gach gluaiseacht eallaigh ó fheirm go feirm fógartha i gceart
  - (e) a chinntiú go bhfuil pas ag gach ainmhí agus nach bhfuil aon phas barrachais agat
- Ba chóir d'iarratasóirí aon athrú ar an talamh a chur in iúl don Roinn, tá an fhoirm leasaithe le fáil chun na críche sin; is féidir pionóis a chur i bhfeidhm nuair a laghdaítear an limistéar a ndéantar feirmeoireacht air ach nach gcuirtear in iúl don Roinn é.
- Ba chóir d'fheirmeoirí a chinntiú go gcomhlíonann an talamh ar cíos/ar léas Téarmaí & Coinníollacha na Scéime.

### Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste

Ba chóir d'iarratasóirí an ceanglas íosdhlús stocála leanúnach faoi Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste a choinneáil ina n-aighe.



**9. Foireann na hOifige Achomhairc Talmhaíochta 2008**



\* D'fhag an Oifig I rith nab liana 2008

\*\* Thosaigh san Oifig I rith nab liana 2008

*Is ar an bhFoireann Riarcháin atá cúram maidir leis na réimsí seo a leanas; Glacadh isteach le hAchoimharc agus Bainistíocht ar na Comhaid, Cúrsaí Ginearálta Riarcháin agus Cúrsaí Cóiríochta, Cúnamh Taca don Oifigeach Achomhairc, Cothabháil agus Forbairt maidir le TE, Staitisticí agus Comhfhreagras Ginearálta..*



# APPENDICES



**Number 29 of 2001  
AGRICULTURE APPEALS ACT, 2001  
ARRANGEMENT OF SECTIONS**

**Section**

1. Interpretation.
2. Appointment of appeals officers.
3. Director of Agriculture Appeals.
4. Deputy Director of Agriculture Appeals.
5. Functions of appeals officers.
6. Independence of appeals officers.
7. Right of appeal.
8. Oral hearings.
9. Decisions.
10. Revised Decisions by Director and appeals officers.
11. Appeals to High Court.
12. Representations under National Beef Assurance Scheme Act, 2000.
13. Representations by certain animal and poultry dealers.
14. Annual reports.
15. Regulations.
16. Laying of regulations before Houses of Oireachtas.
17. Expenses of Minister.
18. Amendment of First Schedule to Ombudsman Act, 1980.
19. Short title.

[No. 29.] Agriculture Appeals Act, 2001. [2001.]

**SCHEDULE**

**Schemes**

---

**Acts Referred to**

Diseases of Animals Acts, 1966 to 2001

National Beef Assurance Scheme Act, 2000 2000, No. 2

Ombudsman Act, 1980 1980, No. 26



**Number 29 of 2001**  
**AGRICULTURE APPEALS ACT, 2001**

AN ACT TO PROVIDE FOR THE APPOINTMENT OF APPEALS OFFICERS TO REVIEW ON APPEAL DECISIONS OF OFFICERS OF THE MINISTER FOR AGRICULTURE, FOOD AND RURAL DEVELOPMENT IN RELATION TO CERTAIN SCHEMES AND TO PROVIDE FOR CONNECTED MATTERS. [9th July, 2001]  
BE IT ENACTED BY THE OIREACHTAS AS FOLLOWS:

1.—(1) In this Act—

- “appeals officer” means an appeals officer appointed under section 2;
- “Civil Service” means the Civil Service of the Government and the Civil Service of the State;
- “Director” means Director of Agriculture Appeals;
- “functions” includes powers, duties and obligations;
- “Minister” means Minister for Agriculture, Food and Rural Development;
- “prescribed” means prescribed by regulations made by the Minister.

(2) In this Act—

- (a) a reference to a section or Schedule is a reference to a section of or Schedule to this Act, unless it is indicated that reference to some other enactment is intended,
- (b) a reference to a subsection or paragraph is a reference to the subsection or paragraph of the provision in which the reference occurs, unless it is indicated that reference to some other provision is intended,
- (c) a reference to an enactment includes a reference to that enactment as amended or extended by or under any subsequent enactment including this Act, and
- (d) a reference to a statutory instrument shall be construed as a reference to that instrument as amended, adapted or extended by any subsequent statutory instrument.

**Appointment of appeals officers.**

2.—The Minister may appoint such and so many of his or her officers or, following selection at competitions held by the Civil Service and Local Appointments Commissioners, other persons holding positions within the Civil Service, as he or she considers appropriate, to be appeals officers for the purposes of this Act.

**Director of Agriculture Appeals**

3.—The Minister shall, following selection at a competition held by the Committee on Top Level Appointments in the Civil Service or the Civil Service and Local Appointments Commissioners, appoint a person holding a position within the Civil Service as the chief appeals officer who shall be known as the Director of Agriculture Appeals, and is in this Act referred to as the “Director”.

**Deputy Director of Agriculture Appeals.**

4.—One of the appeals officers shall be designated by the Minister to act as the deputy for the Director when he or she is not available.

**Functions of appeals officers.**

5.—(1) The functions of appeals officers shall be to consider and make determinations on appeals made by affected persons against decisions taken by officers of the Minister in respect of applications for entitlement under the schemes set out in the Schedule.

(2) The Minister may, from time to time, amend by regulations the Schedule so as to add to or delete from the Schedule any scheme or part of a scheme.

**Independence of appeals officers.**

6.—Appeals officers shall, subject to this Act, be independent in the performance of their functions.

**Right of appeal.**

